



& Ceardchumann Cheardaíochta CDETB (e.g. TEEU, INPDU, UCATT agus BATU)

Polasaí le Bulaíocht san Áit Oibre a Chosc agus a Réiteach

*Dáta Cur Chun Feidhme: 11 Deireadh Fómhair 2024



Brollach

Forbraíodh an Polasaí seo le Bulaíocht san Áit Oibre a Chosc agus a Réiteach le tagairt shonrach do Chód Cleachtais an WRC (An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre) d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe maidir le Bulaíocht a Chosc agus Bulaíocht a Réiteach san Áit Oibre, a d'ullmhaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhpháirt leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Léiríonn sé cur chuige comhchoiteann ó gach páirtí leasmhar na BOOnna (Boird Oideachais agus Oiliúna) ar mhaithe le treoir a chur ar fáil do BOOnna (Boird Oideachais agus Oiliúna), dá bhfoireann agus dá n-ionadaithe maidir le deachleachtais agus nósanna imeachta chun fadhbanna a bhaineann bulaíocht san áit oibre a aithint, a chosc, aghaidh a thabhairt orthu agus réiteach a fháil orthu.

Clár na nÁbhar

& Ceardchumann Cheardaíochta CDETB (e.g. TEEU, INPDU, UCATT agus BATU)	1
Polasaí le Bulaíocht san Áit Oibre a Chosc agus a Réiteach	1
Brollach	2
Clár na nÁbhar	3
1. Réamhrá.....	5
1.1 Comhairliúchán.....	5
1.2 Aidhm	5
1.3 Déanann an Polasaí go sonrach:.....	5
1.4 Forálacha Ginearálta an Pholasaí	6
2. Cad is ciapadh agus bulaíocht san áit oibre obair ann.....	7
2.1 Cad is ciapadh san áit oibre ann?	7
2.2 Cad is bulaíocht san áit oibre ann?.....	8
2.3 Conas a léirítear bulaíocht laistigh d'áiteanna oibre?	8
2.4 Cé a dhéanann bulaíocht san áit oibre?	9
2.5 Cén fáth a ndéileáiltear le bulaíocht ag an obair?.....	9
2.6 Cad é nach bhfuil i gceist le bulaíocht san áit oibre?	10
2.7 Cé atá i mbun bulaíochta san áit oibre?	11
2.8 Cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le bulaíocht san áit oibre?	11
3. Bainistíocht ar bhulaíocht san áit oibre	12
3.1 Cosc.....	12
3.1.1 Ról an Fhostóra	12
3.1.2 Ról na bhfostaithe	13
3.1.3 Cultúr na heagraíochta.....	13
3.2 Bearta/gníomhaíochtaí coisctheacha.....	14
3.3 Ról na ndaoine teagmhála.....	14
4. Idirghabháil i gcúrsaí bulaíochta san áit oibre	14
Conas gearán maidir le bulaíocht san áit oibre a fhreagairt san áit oibre.....	14
Is fiú idirghabháil luath.....	15
Luach na hidirghabhála	15
4.1 Próiseas Neamhfhoirmiúil	15
4.1.1 Próiseas Neamhfhoirmiúil.....	15
Is iad na céimeanna molta i bpróiseas neamhfhoirmiúil ná:	16
4.1.2 Dúnadh na céime neamhfhoirmiúla	16
4.2 Próiseas foirmiúil	17

4.2.1	Gearán foirmiúil	17
4.2.2	Fiosrúchán	18
4.2.3	Torthaí á gcur in iúl	21
4.2.4	Achomhairc	22
4.2.5	Gearáin chráiteacha a bhainistiú.....	23
5.	Próiseas foirmiúil a thabhairt i gcrích agus obair leantach ina dhiaidh sin.....	23
5.1	Mura réitíonn na nósanna imeachta atá sa Pholasáí seo gearán bulaíochta.....	24
6.	Ról an HSA agus an WRC.....	24
6.1	Ról an HSA	24
6.1.1	Réamhrá	24
6.1.2	Córas chun gearán/cásanna bulaíochta a phróiseáil	24
6.2	Ról an WRC	26
6.3	Ról an HSA agus an WRC maidir le Bulaíocht san áit oibre a Chosc	27
7.	Ginearálta.....	28
7.1	Polasaí a Chur in Iúl.....	28
7.2	Monatóireacht ag an BOO	29
7.3	Oiliúint agus Maoirseacht	29
7.4	Athbhreithnithe	30
	Aguisín 1:.....	31
	Téarmaí Tagartha maidir le Fiosrúchán Foirmiúil a Riar	31
	Aguisín 2: Sleachta as acht um shábháilteacht, sláinte agus leas ag an áit oibre, 2005.....	36
	Aguisín 3: Roinnt eagraíochtaí agus foilseacháin ábhartha	46

1. Réamhrá

1.1 Comhairliúchán

De réir na bhforálacha sa chód thuasluaite rinneadh an t-athbhreithniú ar Pholasaí um Chosc ar Bhulaíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ar bhonn comhpháirtíochta agus is iad Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus ceardchumann a rinne ionadaíocht ar son baill foirne in earnáil na mbord oideachais agus oiliúna lena n-áirítear ASTI (Cumann Meánmhúinteoirí na hÉireann), IMPACT, INTO, CSTGT (Ceadchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil), TUI (Aontas Múinteoirí Éireann), UNITE agus ceardchumann a ndéanann an Grúpa Ceardchumann BOOCBÁC ionadaíocht orthu a chomhaontaigh é.

Baineann an polasaí seo le gach gearán nua, bíodh sé ina ghearán neamhfoirmiúil nó foirmiúil ón <<<< Dáta>>>>.

Ba cheart leanúint le gearáin atá á bpróiseáil trí Nós Imeachta Foirmiúil an Pholasaí Coiscthe roimhe seo a phróiseáil trí na polasaithe sin. Sa chás go bhfuil gearán ag an gCéim neamhfoirmiúil den seanleagan den Pholasaí um Chosc ar Bhulaíocht agus go bhfuil sé le dul ar aghaidh chuig an Chéim Fhoirmiúil, ba cheart anois go leanfar le húsáid a bhaint as an Nós Imeachta seo ag an gCéim Fhoirmiúil ón dáta thuasaontaithe.

1.2 Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí seo treoir a chur ar fáil d'fhostaithe an BOO agus a n-ionadaithe maidir le cad atá i gceist le dea-chleachtas agus dea-nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a ghabhann le bulaíocht san áit oibre agus réitigh a fháil orthu.

1.3 Déanann an Polasaí go sonrach:

- treoir phraiticiúil a chur ar fáil maidir le bulaíocht san áit oibre a aithint, a bhainistiú agus a chosc, i bhfianaise dhualgais na mBord Oideachais agus Oiliúna *faoi alt 8(2)(b)* d'Acht 2005;
- bunaithe ar phrionsabail dea-chaidrimh thionsclaíocha lena rialaítear rannpháirtíocht agus próisis éifeachtacha san áit oibre;
- béim a leagan ar an nós imeachta atá le leanúint agus ar an ngá atá ann a rá go soiléir nach nglactar le bulaíocht san áit oibre agus go rachfar i ngleic go híogair le gearáin bhulaíochta. Cuireann an Polasaí seo le hoibleagáidí an BOO gearáin a chur chun cinn go neamhfoirmiúil nuair is féidir agus i gcásanna eile, de réir mar is cuí, go foirmiúil; leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go gcoinneofaí taifid ar idirghabhálacha agus ar chinntí i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018; agus
- aithníonn sé go soiléir ról agus freagrachtaí an dá eagraíocht atá freagrach as an bPolasaí seo, an WRC agus HSA, agus leagtar amach iad seo go grafach trí shreabhchairteacha

1.4 Forálacha Ginearálta an Pholasaí

Leagtar amach sa pholasaí treoir do bhainistíocht an BOO, don fhoireann agus dá gcuid ionadaithe, na prionsabail ghinearálta gur gá cloí leo agus na nósanna imeachta á bhfeidhmiú ag gach céim.

Cuirtear in iúl do gach duine atá ag agairt an pholasaí seo nó ag gabháil dó:

- a. Is nós imeachta caidrimh thionsclaíoch é an nós imeachta comhaontaithe agus **ní** nós imeachta dlíthiúil é. Déanfar é laistigh de na noirm a bhaineann le nós, cleachtas, agus nósanna imeachta an chaidrimh thionsclaíoch, agus dá réir sin, ní próiseas breithiúnach é. I gcúinsí ina ndéantar caingeán dlí a agairt, cuirfear an beartas ar fionraí, agus tabharfar tosaíocht d'fheidhmiú an dlí.
- b. Ní féidir an nós imeachta a úsáid i gcomhthráth le haon pholasaí, nós imeachta nó éileamh sibhialta eile i ndáil leis an ábhar céanna. Mar aon leis sin, ní féidir líomhaintí a ndearnadh fiosrúchán orthu roimhe seo a chur isteach mar chuid den fhiosrúchán reatha.
- c. Cuirfear sonraí mar gheall ar aon ghearáin faoi bhráid an bhaill foirne is freagróir lena mbaineann siad.
- d. **Tugtar aitheantas don cheart go mbeadh tionlacan/ionadaíocht ag an duine ag gach céim den nós imeachta seo.** Tá deis ag na páirtithe lena mbaineann leas a bhaint as tionlacan/ionadaíocht den sórt sin a dhéantar ag comhghleacaí oibre nó ionadaí(i) de chuid ceardchumann aitheanta de ghnáth.
- e. **Mainneachtain baill foirne freastal ar chruinniú/ar chruinnithe faoi chéimeanna Foirmiúla an nós imeachta:** Cé go bhfuiltear ag súil go gcomhoibreoidh an ball foirne lena mbaineann go hiomlán leis an nós imeachta, **ní** chuirfidh aon mhainneachtain comhoibrithe cosc ar phróiseáil gearáin chun críche faoin nós imeachta seo. I gcásanna nach bhfreastalaítear ar dhá chruinniú nó níos mó faoin nós imeachta mar gheall ar chúiseanna leighis/deimhnithe, forchoimeádan an BOO an ceart ceachtar den dá pháirtí i ngearán a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Ceirde chun a gcumas a dheimhniú páirt a ghlacadh sa phróiseas.
- f. **Gearáin faoin bpolasaí seo a phróiseáil/Daoine a bhfuil feidhmeanna acu faoin bpolasaí:** Sa chás gur páirtí i ngearán aon duine a bhfuil feidhmeanna aige/aici faoin bpolasaí, ní fheidhmeoidh sé/sí aon cheann dá f(h)eidhmeanna faoin bpolasaí maidir leis an ngearán áirithe, agus déanfaidh duine den chéim chéanna, arna ainmniú ag na CE (Príomhfheidhmeannaigh) chun na críche sin, na feidhmeanna sin a ghabháil de lámh, nuair is cuí. Sa chás go bhfuil an CE ina ábhar gearáin, is iondúil go ndéanfaidh an Ceann Acmhainní Daonna nó duine ag leibhéal sinsearach den BOO nach raibh baint aige/aici leis an ngearán an gearán a riar.
- g. **“Fógra” do chruinnithe/ éisteachtaí beartaithe faoin nós imeachta seo:** Meastar gur tugadh fógra ón gcéad lá oibre eile díreach tar éis an dáta ar ar eisíodh an fógra.

- h. **Ní mór cloí leis na frámaí ama a leagtar amach sa nós imeachta.** Ní oibreoidh an nós imeachta le linn tréimhsí saoire formheasta ach amháin le comhaontú frithpháirteach na bpáirtithe. I gcúinsí ina ndéanann an gearánach iarratas ar shos gairme nó dul ar iasacht, beifear ag súil go gcuirfeadh an gearánach iad féin ar fáil ar feadh thréimhse an phróisis iomláin mar a shonraítear sa pholasaí. I gcás nach ndéanann, teipeann ar an ngearán. Má tá an freagróir ar shos gairme/ar iasacht agus mura gcuireann siad iad féin ar fáil nó nach féidir leis iad féin a chur ar fáil, coinnítear an gearán agus cuirtear tús arís leis nuair a chuireann tús arís lena gcuid dualgas.
- i. **Bíodh sé foirmiúil nó neamhfoirmiúil, ní mór gearán a dhéanamh laistigh de shé mhí ón teagmhas/ó na teagmhais iompair bulaíochta líomhainte is déanaí.** I gcásanna eisceachtúla, déanfar athbhreithniú ar an teorainn ama sé mhí. Is faoi Cheann Acmhainní Daonna an BOO atá an cinneadh maidir le líomhain a ghlacadh faoin nós imeachta seo.
- j. **Seirbhísí Fiosraithe a Sholáthar:** Is é Seirbhísí Fiosrúcháin Seachtracha san Áit Oibre de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais an painéal óna dtarraingítear fiosraitheoirí seachtracha san áit oibre tar éis próiseas tairisceana. De ghnáth ceaptar fiosraitheoir amháin. Is faoin BOO atá an rogha an mbeadh an dara fiosraitheoir breise ag teastáil. I gcúinsí den sórt sin, comhlánóidh an BOO an doiciméad um Iarratas Forlíontach ar Thairiscintí ina léireofar go bhfuil gá leis an dara fiosraitheoir.
- k. tá gach ábhar a bhaineann leis an ngearán faoi rún daingean ag na páirtithe agus ag a n-ionadaithe.

2. Cad is ciapadh agus bulaíocht san áit oibre obair ann

2.1 Cad is ciapadh san áit oibre ann?

D'fhéadfadh míthuiscint a bheith mar thoradh ar úsáid idirmhalartaithe na bhfocal ciapadh agus bulaíocht maidir le cad leis a mbaineann gach ceann acu. Is coincheapa dlíthiúla ar leith iad, mar sin is féidir iompar a mheas *mar cheachtar den dá cheann* bulaíocht nó ciapadh, ní an dá cheann.

Tagraíonn an Polasaí seo d'iompar a thagann faoin réir shainmhíniú na bulaíochta san áit oibre amháin. Ní bhaineann an Polasaí le ciapadh faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015.

Is é is ciapadh/ciapadh gnéasach chun críocha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ann ná aon iompar nach dteastaíonn a bhaineann le haon cheann de na forais idirdhealaitheacha faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Is éard is ciapadh gnéasach ann ná aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fhisiciúil de chineál gnéasach nach dteastaíonn. Tagann idirdhealú ar bhonn na naoi bhforas a shonraítear sna hAchtanna (inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil) faoi shainchúram na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus is é **Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas** (IHREC) atá freagrach as feacht ar chomhionannas a chur chun

cinn sa Stát. Maidir leis sin, d'fhoilsigh an IHREC Cód Cleachtais maidir le Ciapadh Gnéasach agus Ciapadh ag an Áit Oibre, ina dtugtar treoir phraiticiúil maidir le dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le ciapadh ag an obair (Ionstraim Reachtúil 208 de 2012 Orduithe an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Cód Cleachtais) (Ciapadh) 2012).

Tagraíonn an Polasaí seo do bhulaíocht san áit oibre amháin agus ní chuimsítear cásanna ciaptha ann; ní mór déileáil le teagmhais den sórt sin faoin bPolasaí Gnéis / Ciaptha.

Tá sé tábhachtach a athdhearbhú, áfach, nuair a dhéanann daoine aonair tagairt do chás bulaíochta agus ciaptha, gur coincheapa ar leith iad an dá cheann, agus nach bhfuil ach sainchúram bulaíochta ag na gníomhaireachtaí a dhéanann maoirseacht ar an bPolasaí seo.

2.2 Cad is bulaíocht san áit oibre ann?

Chun críocha an Pholasaí seo, sainmhínítear bulaíocht san áit oibre mar seo a leanas:

“Is éard atá i gceist le bulaíocht san áit oibre ná iompar mí-oiriúnach leanúnach, go díreach nó go hindíreach, cibé acu ó bhéal, fisiciúil nó eile, a dhéanann duine amháin nó níos mó i gcoinne duine eile nó daoine eile, ag an áit oibre agus/nó le linn fostaíochta, a bhféadfaí a mheas go réasúnta go mbaineann sí an bonn de cheart an duine aonair chun dínit a bheith acu ag an obair.”

D’fhéadfadh eachtra scoite den iompar a ndéantar cur síos air de réir na sainmhínte seo a bheith ina mhasla do dhínit ag an obair, ach, mar eachtra aonuaire, ní mheastar gur bulaíocht atá ann.”

Níl sé mar aidhm ag an bPolasaí seo aghaidh a thabhairt ar ionsaí fisiciúil ag an obair. Cuireann an BOO cur chuige neamhfhulaingthe chun cinn maidir le hiompar den sórt sin. Is ábhar coiriúil é foréigean agus ba cheart é a thuairisciú don Gharda Síochána freisin. D’fhéadfadh líomhaintí maidir le hionsaí fisiciúil a bheith faoi réir na céime cuí den nós imeachta smachtaithe ábhartha freisin.

2.3 Conas a léirítear bulaíocht laistigh d’áiteanna oibre?

I gcomhréir leis an sainmhíniú oibríochta thuas, ba cheart go gcomhlíonfadh bulaíocht san áit oibre na critéir a bhaineann le sraith leanúnach d’iompraíochtaí spriocdhírthe diúltacha i gcoinne duine nó daoine chun baint dá gcuid muiníne agus a féinmheasa ar bhealach díobhálach, leanúnach.

Tá iompar bulaíochta maslach, leanúnach, spriocdhírthe agus lasmuigh d’aon ‘norm’ réasúnta Ní mór patrún agus treocht a bheith i gceist ionas go mbreathnódh duine réasúnta ar iompar den sórt sin mar iompar atá mícheart, a bhaineann d’fhéinmhuinín duine agus a náiríonn duine. Baineann sé le teagmhais leanúnach nó patrún iompair a bheartaítear de ghnáth chun duine nó grúpa ar leith a imeaglú, a mhaslú, a dhíspeagadh nó a náiriú - ach níl

an rún tábhachtach sa phróiseas aitheantais.

Is é atá i gceist le gníomhaíochtaí bulaíochta ná gníomhartha agus patrúin iompraíochta, díreacha nó indíreacha, ó bhéal agus nó i scríbhinn agus d'fhéadfaí úsáid modhanna cibearshlándála nó digiteacha a bheith san áireamh a bhfuil mar sprioc acu bulaíocht a bhaint amach. D'fhéadfaí imeachtaí bulaíochta den sórt sin, a sheachadtar trí chibearmhodhanna, a fholú freisin le ceanglais Acht 2005.

Is dócha go gcuimsíonn iompar a bhfuil patrún bulaíochta aige réimse de na hiompraíochtaí seo a leanas:

- Eisiamh le hiarmhairtí diúltacha
- Maslaí/drochíde ó bhéal
- Caitheamh le comhghleacaithe le níos lú fabhair na má a chaitear le comhghleacaithe i róil chomhchosúla
- Caitheamh anuas ar thuairim duine
- Ráflaí mailíseacha, cúlchaint nó claontagairtí a scaipeadh
- Duine laistigh den réimse oibre a eisiamh nó a aonrú go sóisialta
- Cur isteach - crá, brathadóireacht nó stalcaireacht
- Imeaglú/idirghníomhaíochtaí ionsaitheacha
- Monatóireacht iomarcach ar obair
- Sonraí a choinneáil siar atá riachtanach chun post an duine a chomhlíonadh i gceart
- Ábhar agus spriocanna poist duine a ionramháil arís agus arís eile
- An milleán a chur ar dhuine as rudaí lasmuigh dá réimse smachta
- Teanga ionsaitheach agus gáirsiúil a úsáid
- iompar bagrach eile.

Ní liosta uileghabhálach é seo.

2.4 Cé a dhéanann bulaíocht san áit oibre?

Níl sé indéanta nó inmholta dul i mbun buille faoi thuairim nó steiréitíopála maidir leo siúd a dhéanann bulaíocht. D'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil deacrachtaí ginearálta ag daoine a dhéanann bulaíocht oibriú le daoine eile, dul in oiriúint do chúinsí atá ag athrú nó coimhlint a láimhseáil. É sin ráite, d'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine a bhfuil na tréithe seo acu ag gabháil d'iompar bulaíochta, mar sin ba chóir gach cás a ghlacadh ar a fhiúntas féin toisc nach bhfuil ginearálaithe cabhrach chun gearáin bhulaíochta a réiteach. Is féidir le dea-dhearadh poist do chách, oiliúint leordhóthanach agus éifeachtach do chách agus maoirseacht chúil cabhrú le cinntiú go mbeidh áit oibre ann ina ndéileáiltear le haon choimhlint nó saincheistanna a bhaineann le hiompar go cothrom agus go héifeachtach.

2.5 Cén fáth a ndéileáiltear le bulaíocht ag an obair?

Má bhraitheann duine go bhfuil íospairt á ndéanamh orthu nó go bhfuiltear ag díriú orthu, cuirfidh sé isteach ar fheidhmíocht agus ar tháirgiúlacht san áit oibre mar aon le meabharshláinte an duine, agus is fearr cosc a chur ar chúinsí as a n-eascaíonn bulaíocht.

D'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith ag bulaíocht ar an duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air nó uirthi, ar dhuine a mhothaíonn go héagórach go bhfuil bulaíocht á déanamh air ach atá i lár cás coimhlinte, agus orthu siúd a gcuirtear bulaíocht ina leith. I gcás fostóra, d'fhéadfadh **timpeallachtaí oibre mífheidhmiúla, meanma íseal, am cailte agus fadhbanna dlíthíochta** a bheith mar thoradh ar an mbulaíocht.

2.6 Cad é nach bhfuil i gceist le bulaíocht san áit oibre?

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir bulaíocht agus iompar mí-oiriúnach eile nó, go deimhin, rannpháirtíocht chuí san áit oibre. Mar a leagtar amach sa sainmhíniú thuas, d'fhéadfadh teagmhas aonuaire d'iompar bulaíochta a bheith ina mhasla do dhíne duine ag an obair agus d'fhéadfadh sé a bheith míshocair ach ní dhéanann sé féin leibhéal leordhóthanach anacair le go mbeadh sé clúdaithe ag sainmhíniú na bulaíochta agus ba cheart leigheasanna eile a lorg do na cásanna seo. Mar iompar aonuaire, ní féidir glacadh leis go ndéantar iompraíochtaí den sórt sin ar bhealach spriocdhírthe, cuspóireach agus gan staonadh.

Seachas iompar aonuaire, d'fhéadfadh sé nach mbeadh iompar leanúnach eile a d'fhéadfadh cur isteach ar dhuine nó a d'fhéadfadh a bheith míshocair clúdaithe ag sainmhíniú na bulaíochta ach an oiread. D'fhéadfaí duine amháin iompar áirithe a mheas mar bhulaíocht agus duine eile an t-iompar céanna a mheas mar ghnáth-idirghníomhaíocht, mar sin ní mór 'réasúntacht' iompair le himeacht ama a chur san áireamh. Ní bulaíocht atá i gceist le hiompar drochbhéasach, cé go bhfuil sé mí-oiriúnach. Ní cuid de phatrún bulaíochta iad coimhlintí ná easaontais, iontu féin, ach an oiread. Tá fadhbanna éagsúla iompraíochta agus clistí caidrimh san áit oibre atá goilliúnach, míshuaimhneach agus corraitheach, ach nach mbaineann amach an leibhéal leordhóthanach dochair chun na critéir is gá le haghaidh cás bulaíochta a chomhlíonadh.

Ní mheastar gur bulaíocht atá i gceist le cáineadh oibiachtúil agus ceartúcháin atá ceaptha chun aiseolas cuiditheach a chur ar fáil d'fhostaithe ach meastar sa chás sin go bhfuil daoine ag iarraidh cabhrú leis an bhfostaí lena gcuid oibre.

Ní áirítear sa bhulaíocht:

- tuairimí a chur in iúl go láidir.
- aiseolas, treoir nó comhairle chuiditheach a chur ar fáil maidir le hiompar a bhaineann leis an obair nach bhfáiltítear roimhe ann féin.
- gnáthbhainistíocht feidhmíochta.
- gníomh ceartaitheach réasúnta déanta ag fostóir nó Bainisteoir Líne a bhaineann le bainistíocht agus stiúradh fostaithe (mar shampla, feidhmíocht oibrí a bhainistiú, gníomhartha araíonachta réasúnta a dhéanamh, nó obair a shannadh).
- coimhlint san áit oibre ina n-easaontaíonn daoine le dearcadh na ndaoine eile nó ina

- dtugann siad neamhaird orthu.
- Gearáin a dhéanann baill foirne i gcoinne daltaí a bhfuil sé oiriúnach déileáil leo faoi Chód Iompair/Disciplín na scoile/an ionaid (do dhaltaí).
 - Gearáin a dhéanann dalta/daltaí i gcoinne ball foirne atá oiriúnach le déileáil leo faoi Nós Imeachta Gearán an BOO (Nós imeachta chun gearáin a dhéanann tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta nó Foghlaimeoir/Foghlaimeoirí Fásta atá cláraithe faoi láthair i Scoil/Ionad BOO a phróiseáil i gcoinne ball foirne atá fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO)).
 - Gearáin a thagann lasmuigh de shainmhíniú na bulaíochta atá oiriúnach le próiseáil trí nósanna imeachta comhaontaithe eile, mar shampla, an Nós Imeachta Piara go Piara a comhaontaíodh go náisiúnta.
 - Líomhaintí atá faoi réir imeachtaí dlíthiúla nó éileamh ar shásamh faoi fhorálacha reachtúla.
 - Líomhaintí nach mbaineann le fostaíocht.
 - Líomhaintí gan ainm.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta seo

2.7 Cé atá i mbun bulaíochta san áit oibre?

Is féidir le daoine in go leor cásanna oibre éagsúla agus ag gach leibhéal san áit oibre a bheith páirteach i mbulaíocht san áit oibre, lena n-áirítear:

- Fostaí amháin ar fhostaí eile (nó grúpa ar ghrúpa)
- Páirtí leasmhar ar fhostaí

Dírítear sa pholasáí seo ar fhostaí amháin ar fhostaí eile. Sa chás go mbaineann gearán le neamhfhostaí, e.g., páirtí leasmhar/soláthraí seirbhíse seachtrach, le do thoil déan teagmháil leis an duine teagmhála ábhartha chun tuilleadh treorach a fháil.

Fachtóirí arb eol dúinn a bheith nasctha le baol bulaíochta san áit oibre ná:

- A. ráta athraithe foirne ard, neamhláithreacht ard agus/nó droch-mheanma,
- B. míbhainistiú nó drochbhainistiú caidrimh san áit oibre - bulaíocht
Tá seans níos fearr go mbeadh bulaíocht ina fachtóir in áiteanna oibre nach bhfuil córas éifeachtach bainistíochta acu bunaithe ar mheas agus ar fheasacht nó íogaireacht i leith thionchar na bulaíochta ar dhaoine eile
- C. éagothroime inscne/aoise/stádais
- D. fachtóirí eile - comhdhéanamh an lucht saothair, teagmháil leis an bpobal, cúlra ann gur caoinfhulaingíodh iompar do-ghlactha, easpa nósanna imeachta / nó nósanna imeachta neamhleor nó gan a bheith ag cloí le nósanna imeachta
- E. easpa struchtúr tuairiscithe soiléir agus sainchuntas poist/róil

2.8 Cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le bulaíocht san áit oibre?

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag bulaíocht san áit oibre agus gearáin ghaolmhara ar gach duine atá i gceist – an duine a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air/uirthi, gan amhras, ach freisin ar bhaill foirne, comhghleacaithe, daoine eile san eagraíocht agus an duine a bhfuil an bhulaíocht á cur ina leith. I gcás an fhostóra, d'fhéadfadh damáiste do chlú, neamhláithreacht fostaithe ón ionad oibre, táirgiúlacht laghdaithe, costais mhéadaithe, drochmheanma caillteanas measa ar bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí a bheith san áireamh sna hiarmhairtí.

I gcás an fhostaí lena mbaineann (cuspóir an iompair bulaíochta), d'fhéadfadh strus, agus drochshláinte fhisiciúil agus/nó mheabhrach a bhaineann leis, meanma íseal, feidhmíocht laghdaithe agus táirgiúlacht níos ísle a bheith san áireamh sna hiarmhairtí. Déanann roinnt daoine an cinneadh a bpost a fhágáil, rud a fhágann lom iad ar bhrúnna airgeadais agus eile mar thoradh.

I gcás páirtí neamhchiontach atá ina ábhar gearáin nó aineolach ar éifeachtaí an iompair (an duine a bhfuil bulaíocht curtha ina leith), d'fhéadfadh na hiarmhairtí a bheith suntasach freisin ó thaobh imní, scaoil, anacair agus náire shóisialta/damáiste gairme a d'fhéadfadh a bheith ann.

Bíonn na héifeachtaí a ghabhann le gearán amháin fiú de bhulaíocht líomhainte rábach go forleathan ar fud na heagraíochta. Is dócha go mbeidh tionchar diúltach ar an mbeirt atá i gceist, agus b'fhéidir ar a bhfoirne, a mbainisteoirí féin agus na grúpaí agus na comhoibrithe níos leithne timpeall orthu san áit oibre a bhfuil acu.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh maidir le hiarmhairt dhiúltach mhéadaitheach na n-éileamh bulaíochta, agus mar sin is chun leas gach duine lena mbaineann cuir chuige láidre coiscitheacha agus nósanna imeachta éifeachtacha, soiléire, trédhearcacha a bheith i bhfeidhm, a úsáidtear go héifeachtach. Ba cheart do gach duine lena mbaineann, ach go háirithe do bhainisteoirí agus iad siúd atá i bpoist cheannaireachta/údaráis, a bheith inniúil agus in ann cúrsaí den sórt sin a bhainistiú go héifeachtúil agus go héifeachtach. Ba cheart ról agus freagrachtaí ina leith sin a chur in iúl do chách.

3. Bainistíocht ar bhulaíocht san áit oibre

3.1 Cosc

Tá ról ag gach duine san áit oibre maidir le háit oibre dhearfach a chur chun cinn saor ó iompar bulaíochta.

3.1.1 Ról an Fhostóra

Ba cheart go ndéanadh gach BOO:

- Seasamh leis an dualgas gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar bhealach a choiscfidh aon iompar mí-oiriúnach a bhfuil dóchúlacht ann go gcuirfeadh

sé sábháilteacht, sláinte nó leas fostaí ag an obair i mbaol. Ciallaíonn an dualgas seo ar fhostóirí go gcaithfidh siad gníomhú go réasúnta chun cosc a chur ar phatrúin bhulaíochta san áit oibre a fhorbairt agus i gcás ina bhfuil gearáin ann, ní mór don fhostóir freagairt go réasúnta, gearán a mheas, agus taifead a dhéanamh ar ghníomhartha agus freagra oiriúnach a chur i bhfeidhm bunaithe ar gach cás a thagann chun cinn.

- **Ráiteas Sábháilteachta** faoi *alt 20 d'Acht 2005 bunaithe ar na guaiseacha do shábháilteacht*, do shláinte agus do leas san áit oibre a aithint, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a ghabhann leis agus na bearta coisctheacha is gá a leagan síos chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chosaint. Is é is riosca ann ná an dóchúlacht go dtarlóidh guais a bheidh ina cúis le díobháil agus méid na díobhála sin.
- Cuir an polasaí frithbhulaíochta san áit oibre seo i ngníomh le cinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun déileáil le gearáin agus go bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith i bhfeidhm nuair a fhaightear amach gur tharla bulaíocht. (Féach an teimpléad in Aguisín 1).
- Cuirfidh an BOO rochtain ar an Soláthraí Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil gach páirtí.

Éilítear comhairliúchán le fostaithe maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta faoi *Alt 26 d'Acht 2005*, sa bhreis ar cheanglais *Ailt 8 agus 9* an Achta.

3.1.2 Ról na bhfostaithe

Ba cheart go ndéanfaidh gach fostaí

- Timpeallacht choibhneasta chomhoibritheach a chruthú laistigh den áit oibre trína gcuid iompair féin. Beidh tuiscint níos leithne acu ar a bhfuil inghlactha bunaithe ar an mbealach a n-iompraíonn siad iad féin agus an freagra a fhaigheann siad air. Tá ról ag fostaithe, ina n-aonar agus laistigh d'fhoirne agus de ghrúpaí, iompar dearfach a chur chun cinn do dhaoine eile agus meascadh ar bhealaí sibhialta agus measúla le gach duine san áit oibre. Tá dualgais ar fhostaithe faoi Acht 2005 iad féin a iompar i gceart maidir le daoine eile ag an obair. Faoi *alt 13* - áirítear i ndualgais fostaithe:
- na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh, de réir mar is cuí, agus cúram réasúnach a ghlacadh chun a sábháilteacht, a sláinte agus a leas agus sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a chosaint a bhféadfadh a bheith faoi thionchar gníomhartha nó neamhgníomhartha an fhostaí ag an obair
- comhoibriú lena bhfostóir, nó le haon duine eile a mhéid is gá, chun cabhrú lena bhfostóir nó leis an duine eile na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh, de réir mar is cuí, agus
- gan dul i mbun iompar míchuí nó iompar eile ar dóigh dó sábháilteacht, sláinte agus leas an duine féin san áit oibre nó aon duine eile san áit oibre nó le linn a bhfostaíochta a chur i mbaol.

3.1.3 Cultúr na heagraíochta

Is tosa tábhachtach é cultúr eagraíochta chun timpeallacht dhearfach san áit oibre a chruthú, a bhunú agus a choinneáil saor ó bhulaíocht, imeaglú nó aon iompar diúltach a d'fhéadfadh feidhmiú mar bhunchloch cultúir bulaíochta. Tá roinnt gnéithe tábhachtach d'áit oibre dhearfach, lena n-áirítear dea-cheannaireacht (ceannaireacht le dea-shampla), cultúr rannpháirtíochta agus sreabhadh ceart cumarsáide, éadulaingt iompair mhí-oiriúnaigh, oiliúint foirne ar iompar inghlactha, patrún oscailte agus trédhearcach measctha bunaithe ar mheas frithpháirteach agus dínit do chách.

Is cultúr dearfach é ceann ina bhfuil fostaithe compordach ag ardú saincheisteanna ar ábhair imní dóibh iad, go háirithe iompar míchuí agus i gcás ina bhfuil próisis thacúla.éifeachtacha agus cothrom mar bhonn leis.

3.2 Bearta/gníomhaíochtaí coisctheacha

- Cultúr dearfach san áit oibre a chur chun cinn agus a threisiú.
- Polasaí éifeachtach Frithbhulaíochta, in úsáid agus curtha chun cinn maidir le hiompraíochtaí oiriúnacha agus oiriúnacha.
- Feasacht fhorleathan ar an bpolasaí.
- Oiliúint chuí de réir mar is gá dóibh siúd a bhíonn ag déanamh bainistíochta ar ghearáin agus bainistíocht líne.
- Tá Daoine Teagmhála/seirbhísí tacaíochta comhairleacha cuí ar fáil. Tá sonraí ar fáil ó Roinn Acmhainní Daonna an BOO.
- Róil agus spriocanna soiléire do chách.

3.3 Ról na ndaoine teagmhála

D'fhéadfadh tairbhe a bheith ag baint le Duine Teagmhála a cheapadh a fheidhmíonn mar an chéad chéim do dhuine ar bith.

Ag dul i mbun fiosraithe maidir le cás bulaíochta féideartha. Nuair is féidir leis an eagraíocht tacú leis sin, is minic a chabhraíonn sé le cúrsaí a réiteach níos luaithe agus níos éifeachtaí. Bheadh ról an Duine Teagmhála i gcoitinne ina ról tacúil - chun éisteacht agus treoir a thabhairt maidir le roghanna de réir pholasaí agus nósanna imeachta BOO, iad go léir faoi rún daingean. An phríomhaidhm atá ag an ról ná éisteacht thacúil a dhéanamh agus eolas a sholáthar. Ní bheidh ról ag an Duine Teagmhála maidir le haon ghearáin a fhiosrú agus níor chóir go gcuirfí de chúram orthu baint bhreise a bheith acu le sonraí nó gearáin nó an raibh sé ceart nó mícheart. Tabharfar traenáil chuí don duine teagmhála chun go gcuirfear ar a gcumas an ról a chomhlíonadh.

4. Idirghabháil i gcúrsaí bulaíochta san áit oibre

Conas gearán maidir le bulaíocht san áit oibre a fhreagairt san áit oibre

Is fiú idirghabháil luath

Bíonn gá le héisteacht thapa, shocair agus sheasta a thabhairt maidir le haon ghearáin a ghabhann le bulaíocht nó maidir le heolas ar bhulaíocht. Mar phrionsabal ginearálta, is fiú a áitiú go dtugann idirghabháil luath an deis is fearr toradh maith a bhaint amach, go háirithe maidir le caidrimh san áit oibre a athbhunú. Mar sin féin, ní hionann sin agus cur chuige atá faoi dheifir. Ba cheart go gcaithfear le gach cás de réir a fhiúntais féin. Éiríonn sé níos deacra teacht ar réiteach ar bhealach dearfach ar ábhar atá fadálach, ar chúis ar bith. Leagfar amach thíos nósanna imeachta neamhfhoirmiúla agus foirmiúla le dul i ngleic le gearán bulaíochta san áit oibre.

Luach na hidirghabhála

Is ceist thábhachtach í idirghabháil le fadhbanna a réiteach ag céim luath. Is próiseas neamhfhoirmiúil de thoil an duine féin é ina gcuireann tríú páirtí neamhchlaonta inniúil ar chumas daoine coinbhleacht nó easaontas a chur díobh d'fhonn a gcaidreamh a fheabhsú. Is uirlis luachmhar é ag céim ar bith de nós imeachta ach tá sé tairbheach go háirithe ag an gcéim is luaithe agus is féidir. Cruthaíodh dá luaithe is a úsáidtear an próiseas idirghabhála, is ea is mó seans a bheidh ann gur féidir an t-ábhar a réiteach go sásúil. Tá sé tábhachtach go n-úsáidtear idirghabhálaithe cuícháilithe (MII-chláraithe). Cuireann an WRC seirbhís idirghabhála saor in aisce, ar ardchaighdeán, chinnte ar fáil.

4.1 Próiseas Neamhfhoirmiúil

4.1.1 Próiseas Neamhfhoirmiúil

Tugann cur chuige pras agus fadhbréitigh an seans is fearr chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar líomhaintí bulaíochta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcur chuige comhoibritheach agus neamhsháraíochta seo i gcásanna ina gcaithfidh daoine leanúint de bheith ag obair le chéile sa todhchaí. Gabhann roinnt gnéithe leis an bpróiseas seo:

- Go mbeadh muintín ag daoine go n-éistfear leo agus go gcreidfear iad agus go ndéanfar a gceisteanna a mheas go cothrom, go tapa agus go héifeachtach.
- Go mbeadh an mhuinín agus an cumas ag bainisteoirí dul i ngleic le ceisteanna den sórt sin agus chun freagairt agus dul i gcomhairle mar is cuí.
- Ba chóir go mbeadh meas ag gach duine ar rúndacht na n-imeachtaí.
- Ba chóir go ndíreofar ar chaidrimh san áit oibre sa todhchaí agus ar chur chuige fadhbréitigh.

D'fhéadfadh cur chuige neamhfhoirmiúil aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar iompar nach dteastaíonn gan dul i mbun aon bhirt eile. Uaireanta, tá an duine a gcuirtear ina leith go bhfuil siad ag gabháil don iompar fíor-aineolach go bhfuil an t-iompar a bhfuil gearán á dhéanamh faoi, drochmheasúil, nach bhfuil fáilte roimhe, go mbaineann sé an bonn de dhuine is go gcuireann sé isteach ar dhaoine.

Is iad na céimeanna molta i bpróiseas neamhfhoirmiúil ná:

- i) Ar an gcéad dul síos, ba chóir don fostaí (an duine a bhraitheann go bhfuil bulaíocht á déanamh orthu) an t-iompar / gníomhartha do-ghlactha a lua leis an duine atá i gceist, sa chás go mbraitheann siad compordach déanamh amhlaidh. Ba chóir é seo a dhéanamh go tapa agus go socair, agus go ndíreofar ar na fíricí maidir le gníomhartha a rinneadh agus a n-iarmhairtí.
- ii) Sa chás go mbraitheann fostaí go mbaineann na hábhair inní leis an mbainisteoir atá díreach os a gcionn, b'fhéidir gur mhaith leis an bhfostaí an t-ábhar a phlé go neamhfhoirmiúil le bainisteoir a mbainisteora nó le duine ag an gcéad leibhéal bainistíochta eile.
- iii) Má tá sé níos oiriúnaí, ba cheart don duine aonair a mheasann go bhfuil iompar do-ghlactha á fháil aige/aici a n-ábhair inní a phlé leis an duine teagmhála a chuirfidh eolas ar fáil faoi roghanna chun an t-ábhar a réiteach.
- iv) Sa chás go bhfanann an fócas ar réiteach neamhfhoirmiúil ón idirghníomhaíocht seo, téann an duine aonair i dteagmháil leis an mBainisteoir Acmhainní Daonna, a dhéanfaidh socruithe chun tús a chur leis an bpróiseas idirghabhála.
- v) An fócas a ghabhann leis an méid thuasluaite ná iarracht a dhéanamh an t-ábhar a réiteach go neamhfhoirmiúil trí aontú gan dul i muinín céimeanna eile. Is minic gur leor comhrá neamhfhoirmiúil chun an duine atá i gceist a chur ar an eolas faoi na héifeachtaí a ghabhann leis an iompar líomhainte agus d'fhéadfaí tuiscint níos leithne a fhorbairt mar aon le haontú ar dheireadh a chur leis an iompar sin mar thoradh. D'fhéadfadh míniú ar bhunchuspóir an iompair agus/nó comhaontú chun an t-iompar a mhodhnú a bheith mar thoradh air freisin. Ar an láimh eile, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil an t-iompar bailí agus réasúnta, agus go bhfuil freagairt an pháirtí mhaslaithe ag teacht salach ar an tuiscint a ngactar leis go ginearálta ar an iompar.
- vi) I gcomhthéacs ina bhfuiltear feasach ar líomhain a rinne fostaí agus má táthar tar éis an cheist a réiteach, d'fhéadfadh gur fiú don BOO duine a ainmiú le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtas go ginearálta atá san áit oibre maidir le dul i ngleic le ceisteanna den sórt sin. Mar shampla, feachtas feasachta ina leagtar béim ar shamplaí d'iompar cuí chomh maith le hiompar míchuí agus míniú éigin ar na héifeachtaí atá leis le cur ar aird gach duine.

4.1.2 Dúnadh na céime neamhfhoirmiúla¹

Seo a leanas cuid de na céimeanna gur chóir a úsáid go hidéalach chun imeachtaí neamhfhoirmiúla a dhúnadh, le deimhniú go bhfuil a gcearta comhlíonta ag an dá pháirtí:

- Clabhsúr a fháil tar éis teacht ar réiteach trí nósanna imeachta neamhfhoirmiúla. Ba cheart tacaíocht nó athbhreithnithe tréimhsiúla a thabhairt don dá pháirtí a mhéid is atá réasúnach, a d'fhéadfadh, más gá, comhairleoireacht nó idirghabhálacha nó

¹ Comhaontaítear idir na páirtithe sa pholasáí seo, ag féachaint don cheartas nádúrtha, don ghá le neamhchlaontacht, don raon tacaíochtaí atá ar fáil agus do sholáthar idirghabhála seachtraí mar rogha tosaíochta le haghaidh réiteach neamhfhoirmiúil, nach bhfuil gá le próiseas neamhfhoirmiúil tánaisteach san earnáil.

seirbhísí tacaíochta iomchuí eile a bheith mar chuid di.

- Sa chás go ndearnadh measúnú ar ghearán mar ghearán cráiteach, ba cheart an t-ábhar a chur ar aghaidh trí nósanna imeachta ábhartha eile.
- In go leor cásanna, agus na páirtithe go léir ag comhoibriú, tiocfaidh deireadh leis an gcás anseo.

4.2 Próiseas foirmiúil

Is dea-chleachtas é gur cheart machnamh a dhéanamh ar gach bealach réitigh neamhfhoirmiúil - mar a leagtar amach thuas - agus, nuair is cuí, triail a bheith bainte astu uilig sula ndéantar próiseas foirmiúil a agairt.

Níor chóir breathnú ar dhul ar aghaidh chuig próiseas foirmiúil mar phróiseas uathoibríoch agus tá sé tábhachtach go n-aithnítear gurb é cinneadh réasúnta fianaisebhunaithe na bainistíochta é. Níor cheart gearán a chur ar aghaidh chuig próiseas foirmiúil ach amháin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de na cúinsí a bhaineann leis na hábhair a ndearnadh gearán fúthu. Tá sé tábhachtach a bheith in ann fianaise a thabhairt ar phróiseas réasúnta cinnteoireachta agus d'fhéadfadh go dteastódh dualgas cúraim na mBord Oideachais agus Oiliúna a chosaint níos déanaí, mar sin ba cheart do Roinn Acmhainní Daonna an BOO taifead de sin a choinneáil (féach Lámhleabhar AD).

Mar chuid den phróiseas seo, tá gearán foirmiúil agus fiosrúchán foirmiúil. Is é cuspóir fiosrúcháin cur chuige aimsithe fíricí a chur ar bun agus fíricí agus creidiúnacht gearáin nó aon ghné eile de faoi bhulaíocht líomhainte a dhéanamh amach. Is céim shuntasach í, agus ba chóir go mbeadh gach páirtí ar an eolas faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann. Go háirithe, beidh sé níos deacra gnáthchaidreamh san áit oibre a athbhunú mar thoradh ar fhiosrúchán agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh inmhianaithe ann do na páirtithe lena mbaineann. Mar thoradh ar fhiosrúchán sa deireadh, agus ar leithligh, d'fhéadfadh go dtosófar próiseas araíonachta i gcoinne an duine a ndearnadh gearán faoi. Fós féin, beidh an fiosrúchán féin ina fhiosrúchán aimsithe fíricí agus ina leagfar béim ar an méid a tharla nó an méid nár tharla.

Sa chás go bhfuil fiosrúchán le déanamh, ba cheart na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos a leanúint.

4.2.1 Gearán foirmiúil

I gcás nár éirigh le hiarrachtaí an gearán líomhainte a réiteach trí mhodhanna neamhfhoirmiúla, nó i gcás go roghnaíonn an gearánach an nós imeachta foirmiúil a agairt mar ábhar céadchéime, tabharfaidh an BOO faoi fhiosrúchán. Caithfear go dáiríre agus go rúnda le gach gearán.

- Ba cheart don ghearánach gearán foirmiúil a dhéanamh i scríbhinn ar chóir é a shíniú

agus dáta a chur leis. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart don duine sannta taifead i scríbhinn a ghlacadh den ghearán agus é a bheith sínithe ag an ngearánach agus dátaithe.

- Ba cheart an gearán a theorannú do shonraí beachta faoi theagmhais líomhainte bulaíochta, lena n-áirítear a ndátaí agus a n-ainmneacha finnétithe, i gcás gur féidir.
- Ba chóir a chur in iúl i scríbhinn don duine a ndearnadh gearán ina choinne go ndearnadh líomhain bhulaíochta ina n-aghaidh.
- Ba cheart aidhmeanna agus cuspóirí an phróisis fhoirmiúil, na nósanna imeachta agus an tréimhse ama idéalach a bhaineann leis, mar aon leis na torthaí féideartha a chur in iúl don ghearánach agus don fhreagróir.
- Ní mór aon doiciméid ábhartha a thabhairt don dá pháirtí, lena n-áirítear cóip den Chód Cleachtais chun Bulaíocht a Chosc
- Ba cheart don dá pháirtí a bheith cinnte de thacaíocht de réir mar is gá le linn an phróisis.
- D'fhéadfadh an Bainisteoir Acmhainní Daonna cruinniú nós imeachta tosaigh a eagrú, ina mbuailtear le gach duine ar leithligh, ag tosú leis an duine atá ag déanamh na líomhna. Ba chóir cóip iomlán den ghearán a thabhairt don pháirtí eile, nuair a bhuailear leo, agus ba chóir aon doiciméid ábhartha a thabhairt dóibh araon, lena n-áirítear Cód Cleachtais na mBord Oideachais agus Oiliúna chun Bulaíocht a Chosc. Tá an cruinniú seo roghnach agus cuirfeadh é ar fáil don dá pháirtí, agus beidh sé dírithe ar an bpróiseas agus ní phléifear substaint an ghearáin ná le freagraí ar an gcéanna.

Ní mór gearáin fhoirmiúla a chur isteach laistigh de **10 lá oibre** tar éis aon idirghabháil a rinneadh a thabhairt chun críche. Caithfeadh go dáiríre agus go rúnda le gach gearán.

4.2.2 Fiosrúchán

Ba cheart an fiosrúchán a rialú le téarmaí tagartha, féach Aguisín 1.

Tá freagracht ar gach páirtí sa phróiseas páirt a ghlacadh in aon fiosrúchán a chuirtear ar bun mar fhreagra ar líomhain bhulaíochta.

Le linn an fiosrúcháin, táthar ag súil le go leanfar leis an obair mar is gnáth.

Tá sé mar aidhm ag fiosrúchán fáil amach ar tharla na hiompraíochtaí a ndearnadh gearán fúthu, de réir chothrom na dóchúlachta, tar éis a dhéanamh amach roimhe sin go dtagann na hiompraíochtaí faoi réir an chur síos ar bhulaíocht san áit oibre. Táthar ag brath ar shonraí an ghearáin, ar fhreagraí an duine a ndearnadh gearán faoi gach ráiteas finné agus ar fhianaise ábhartha eile chun na críche sin.

Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas.

1. Scríobhann an gearánach faoi rún chuig Ceann na nAcmhainní Daonna (AD) chun a iarraidh go ndéanfar fiosrúchán de réir an Nós Imeachta Fhoirmiúil. San áireamh sa litir seo, beidh **an Fhoirm Ghearáin chomhlánaithe** (i.e. an ráiteas gearáin i scríbhinn), ar gá é a bheith sínithe agus dátaithe ag an ngearánach.

Ní mór an fhoirm ghearáin a chomhlánú ina hiomláine ag féachaint do na nithe seo a leanas:

- Líomhaintí sonracha soiléire i gcoinne an duine/na ndaoine ainmnithe
- Dátaí agus amanna an teagmhais/na dteagmhas
- **Liosta finnétithe, más ann dóibh.** Ní mór don ghearánach ainmneacha agus sonraí teagmhála finnétithe na dteagmhas/eachtraí ar leith (más ann dóibh) a chur isteach i liosta mar chuid den ghearán a cuireadh isteach agus laistigh den tréimhse ama a leagadh síos sa pholasaí. Ní féidir leis an ngearánach daoine a ainmniú ach amháin daoine atá in ann fianaise dhíreach a thairiscint maidir le teagmha(i)s líomhainte. **Ní hionann na ráitis ghinearálaithe i bhfoirm teistiméireachtaí carachtair agus ráiteas finné.** Cuirfear cóipeanna de ráitis finné (más ann dóibh) ar fáil don dá pháirtí sa ghearán de réir an cheartais nádúrtha agus nós imeachta cothrom.
- Athfhriotal dhíreacha más féidir iad a thabhairt chun cuimhne;
- Cur síos gairid ar gach pointe teagmhais;
- Cur síos gairid ar an tionchar/éifeacht a bhí ag gach teagmhas ort;
- Aon fhianaise thacaíochta ábhartha eile;
- Seachas idirghabhálacha, sonraí faoi chur chuige roimhe seo a rinneadh chuig an bhfreagróir (más ann dóibh) agus toradh an chur chuige sin.

Ní mór an fhoirm ghearáin a úsáid agus gearán foirmiúil isteach á chur isteach.

Beidh sé de fhreagracht ar an gCeann Acmhainní Daonna (ach amháin sa chás gur páirtí sa ghearán é/i) measúnú a dhéanamh, ar athbhreithniú a dhéanamh ar an litir agus an bhfoirm ghearáin dó/di, ar cibé ar thug aighneacht an ghearánaí aghaidh ar na gnéithe riachtanacha a theastaíonn ó ráiteas gearáin i scríbhinn sula dtéann sé/sí ar aghaidh.

I gcás ina bhfuil an fhoirm ghearáin neamhiomlán nó ina meastar í a bheith neamhleor chun críocha fiosrúchán a thosú, cuirfidh an Ceann Acmhainní Daonna an méid sin in iúl don ghearánach agus seolfaidh sé ar ais an fhaisnéis go léir a soláthraíodh roimhe sin. Molfaidh an Ceann Acmhainní Daonna an fhoirm ghearáin a chur isteach arís ag féachaint do na míreanna riachtanacha a liostaítear thuas ag céim 1, fo-alt 1. Sa chás go dteastaíonn foirm ghearáin a chur isteach arís, tosóidh na hamlínte go léir nuair a fhaightear foirm ghearáin atá comhlánaithe go leordhóthanach.

Scríobhann an Ceann Acmhainní Daonna (nó a (h)ainmní), laistigh de chúig lá oibre, chuig an ngearánach ag admháil go bhfuarthas an fhoirm ghearáin go foirmiúil.

Ní leanfar leis an bhfiosrúchán, agus ní chuirfear na creataí ama atá doiciméadaithe sa nós imeachta i ngníomh go dtí go mbeidh an Ceann Acmhainní Daonna (ach amháin i gcás inar páirtí sa ghearán é/í) sásta go soláthraíonn an fhoirm ghearáin an fhaisnéis is gá chun tús a chur le próiseáil an ghearáin.

3. **Nuair atá** an Ceann Acmhainní Daonna sásta go bhfuil an fhoirm ghearáin leordhóthanach chun gur féidir an próiseas a chur chun cinn, scríobhann sé/sí chuig an bhfreagróir **laistigh de chúig lá oibre eile** le deimhniú go bhfuarthas gearán foirmiúil, agus cuireann sé/sí cóip den **Fhoirm um Fhreagra ar Ghearán**, den ghearán agus den fianaise/doiciméid tacaíochta a fuarthas ón ngearánach más ann dó, faoi iamh.
4. Tá **deich lá oibre breise** ag an bhfreagróir (ón dáta a eisíonn an BOO an fhoirm ghearáin agus fianaise/doiciméid tacaíochta, más ann di) chun freagra a thabhairt trí úsáid a bhaint as an bhFoirm um Fhreagra ar Ghearán. Nuair a bheidh sí comhlánaithe, ba chóir an fhoirm seo a sheoladh chuig an gCeann Acmhainní Daonna le fianaise/doiciméid tacaíochta ábhartha (más ann di). Déanfar cibé frithghearán a ardóidh an freagróir a phróiseáil mar chuid de fhreagra an fhreagróra ar an ngearán faoi shainchúram an fhiosrúcháin chéanna.

Ceanglaítear ar an bhfreagróir ainmneacha agus sonraí teagmhála finnétithe ar theagmhais/eachtraí ar leith, más ann dóibh, a chur isteach mar chuid den fhreagra ar an ngearán agus laistigh den tréimhse ama a leagadh síos sa pholasaí. Ní fhéadfaidh an freagróir ach daoine atá in ann fianaise dhíreach a thabhairt maidir le teagmhas/teagmhais líomhainte a ainmniú. **Ní hionann na ráitis ghinearálaithe i bhfoirm teistiméireachtaí carachtair agus ráiteas finné.** Cuirfear cóipeanna de ráitis finné (más ann dóibh) ar fáil don dá pháirtí sa ghearán de réir an cheartais nádúrtha agus nós imeachta cothrom.

5. Laistigh de **deich lá oibre breise**, comhlánóidh an Ceann Acmhainní Daonna/ainmní an **tlarratas Forlíontach ar Thairiscintí-Seirbhísí Seachtracha Fiosrúcháin san Áit Oibre** le sonraí pearsanta ar nós ainmneacha agus seoltaí teagmhála folaithe agus cuirfear é faoi bhráid na hOifige um Sholáthar (OGP). Déanfaidh an OGP an sRFT a phróiseáil agus cuirfidh sé toradh an phróisis tairisceana in iúl do Cheann Acmhainní Daonna/ainmní an BOO. Déanfaidh an Ceann Acmhainní Daonna/ainmní idirchaidreamh leis an gcuideachta rathúil de réir mar is cúí.

Ní mór conradh seirbhísí a shíniú sula gcuirtear tús le haon fhiosrúcháin. Cuirtear na téarmaí tagartha maidir le riar an fhiosrúcháin ar fáil anseo in aguisín 2.

6. Laistigh den tréimhse ama chéanna (*thuasluaite ag uimhir a cúig*), cuirfear an Fhoirm Chomhlánaithe um Fhreagra ar Ghearán¹⁴ agus fianaise/doiciméid tacaíochta, más ann di, ar aghaidh chuig an ngearánach.
7. Laistigh de **trí lá oibre breise** ó bhunú chonradh na seirbhísí, cuirfidh an Ceann Acmhainní Daonna na doiciméid go léir ar fáil don fhiosraitheoir(i)/do na

fiosraitheoirí agus cuirfidh sé/sí na páirtithe sa ghearán ar an eolas faoi ainm/ainmneacha an fhiosraitheora.

8. Beidh an Ceann Acmhainní Daonna (nó a (h)ainmní) freagrach as gach ábhar a bhaineann le riar an fhiosrúcháin, e.g. socruithe agus fógra faoi chruinniú/cruinnithe fiosrúcháin; idirchaidreamh a dhéanamh leis na páirtithe sa ghearán; idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfiosraitheoir, srl.
9. Déanfar an fiosrúchán i gcomhréir leis na téarmaí tagartha sonraithe (agus leis an bprótacal ann) atá ar fáil in *Aguisín 2*.
10. Ní mór tuairisc an fhiosrúcháin seo a eisiúint do na páirtithe sa ghearán agus don Cheann Acmhainní Daonna tráth nach déanaí ná **60 lá oibre** ón dáta a shínítear an conradh seirbhísí. Cinnfear i dtuairisc an fhiosrúcháin, maidir le gach gné den ghearán, an bhfuil an ghné inchreidte agus an bhfuil cás le freagairt go dtagann an t-iompar faoi réim an tsainmhíneithe ar bhulaíocht atá sa pholasaí agus an bhfuil cás le freagairt go raibh an freagróir ag gabháil don iompar atá i gceist. Ina theannta sin, tabharfar cinneadh foriomlán sa tuairisc cibé an bhfuil nó nach bhfuil cás le freagairt agus go raibh an freagróir ag gabháil don bhulaíocht. Féadfar i dtuairisc an fhiosrúcháin, i gcás gur is cuí, a chinneadh go bhfuil cás le freagairt go raibh gearán cráiteach i gceist/go raibh rún mailíseach aige. Cuirfear deireadh anseo leis an bhfiosrúchán.
11. Ní fhéadfar na teorainneacha ama a mholtar maidir leis na 60 lá oibre a shíneadh ach amháin i gcúinsí fioreisceachtúla, faoi réir rogha Cheann Acmhainní Daonna an BOO i gcomhairle leis an gcuideachta fiosrúcháin.
12. Beidh sé de fhreagracht ar an bhfiosraitheoir/í cóipeanna de thuairisc dheiridh an fhiosrúcháin a chur ar aghaidh chuig na páirtithe sa ghearán agus chuig an gCeann Acmhainní Daonna. I gcásanna ina bhfuil níos mó ná gearánach agus/nó freagróir amháin i gceist leis an ngearán, eiseofar cóip de thuairisc an fhiosrúcháin chuig gach ceann de na páirtithe sa ghearán.

Déanfaidh an Ceann Acmhainní Daonna tuairisc dheiridh an fhiosrúcháin a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir ábhartha lena breithniú. Cinnfidh an Stiúrthóir, agus tuairisc an fhiosraitheora agus na torthaí fíorais inti á mheá aige/aici, cén ghníomhaíocht atá le déanamh ag eascairt as an tuairisc sin.

I gcás ina ndéantar gearán i gcoinne Príomhfheidhmeannaigh, ainmneoidh an Príomhfheidhmeannach Stiúrthóir mar an duine idirchaidrimh idir an Ceann Acmhainní Daonna agus an Roinn.

I gcúinsí den sórt sin, cuirfear an tuairisc dheiridh faoi bhráid na Roinne lena próiseáil.

4.2.3 Torthaí á gcur in iúl

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear aon toradh in iúl go héifeachtach. Maidir leis sin, ba cheart don BOO a chinntiú go gcuirtear torthaí in iúl go hógair agus go cothrom. Tá gach páirtí a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngearán (an gearánach/na gearánaigh agus an freagróir(i)) i dteideal a fháil amach an seastar leis an ngearán go hiomlán nó go páirteach nó, mura seastar leis, an chúis/na cúiseanna leis sin.

D'fhonn amhras a sheachaint, tá sonraí sonracha maidir le gníomh araíonachta nó gníomh eile atá le déanamh i gcoinne aon pháirtí faoi rún, agus níl páirtithe eile i dteideal, mar chuid den ghnáthchleachtas, an fhaisnéis sin a fháil mar chuid den toradh.

Ceanglaíonn dualgais Sláinte agus Sábháilteachta ar an BOO go gcaithfidh siad bearta rialaithe a chur i bhfeidhm tar éis dóibh guais a aithint. Áirítear leis seo gníomhartha coiscithe, deireadh a chur leis an iompar ar bhealach bainistithe, bearta cosanta agus gníomhartha feabhais, nuair is cuí. Ba cheart go gcoinneodh an BOO taifead d'aon ghníomh dá leithéid a glacadh.

4.2.4 Achomhairc

D'fhéadfadh an dá pháirtí achomharc a dhéanamh in aghaidh an fhiosrúcháin laistigh de dheich lá oibre i ndiaidh dóibh comhfhreagras a fháil ón Stiúrthóir. Sa chás go ndéantar an rogha chun achomharc a dhéanamh, tabharfaidh an Bainisteoir AD comhairle maidir leis an bpróiseas cuí;

- achomhairc ó baill foirne seachas múinteoirí a phróiseáil trí sheirbhís bhreithnithe WRC,
- achomhairc ó mhúinteoirí chuig Oifigeach Neamhspleách arna ainmniú ag rannóg na Seirbhísí Idir-réitigh, Comhairleacha agus Idirghabhála san WRC

Ní dhéanfaidh an Moltóir/Oifigeach Neamhspleách substaint an cháis a athéisteacht. D'fhéadfadh roinnt torthaí a bheith i gceist; féadfaidh an Moltóir/Oifigeach Neamhspleách a bhreithniú go ndearnadh an fiosrúchán i gceart agus go cothrom, agus dá bhrí sin ba cheart go seasfadh a chonclúidí. Os a choinne sin, d'fhéadfadh an Moltóir/Oifigeach Neamhspleách a chinneadh go raibh an próiseas fiosrúcháin lochtach ar bhealach éigin agus d'fhéadfadh sé a mholadh, mar shampla, go ndéanfaí an fiosrúchán a athéisteacht.

Sa chás go bhfuil rochtain ag baill foirne ar innealra IR an Stáit, féadfaidh siad an t-achomharc a thaisceadh trí úsáid a bhaint as foirm ghearáin WRC, agus sannfaidh an tseirbhís bhreithnithe an cás do bhreithneoir.

I gcás nach bhfuil rochtain ag baill foirne ar innealra IR an Stáit, beidh feidhm ag na socrúithe seo a leanas;

- Is féidir foirm ghearáin a iarraidh ó Acmhainní Daonna le cur ar ais chuig Acmhainní Daonna lena cur ar aghaidh chuig an oifigeach neamhspleách.
- Rachaidh an t-oifigeach neamhspleách i dteagmháil leis na páirtithe chun aighneachtaí a lorg.

Déanfaidh an t-oifigeach neamhspleách cruinniú a sceidealú leis na páirtithe chun fiúntas an achomhairc a fhiosrú. Maidir leis sin, beidh an tOifigeach Neamhspleách freagrach as cuireadh a thabhairt do na páirtithe freastal ar éisteacht/éisteachtaí ó bhéal ar dháta a chinnfidh sé/sí féin, ach nach rachadh thar **20 lá oibre** ó dháta ar a ndearna an páirtí an t-atreorú.

Ba cheart don pháirtí sin gach doiciméad a chuireann ceachtar páirtí faoi bhráid an Oifigigh Neamhspleách a chóipeáil ag an am céanna chuig an bpáirtí eile tráth nach déanaí ná **cúig lá oibre** roimh dháta na héisteachta ó bhéal.

- Ag an éisteacht ó bhéal, iarrfar ar gach páirtí labhairt ar a ráitis i scríbhinn (a bheidh curtha isteach tráth nach déanaí ná cúig lá oibre roimh dháta na héisteachta/na héisteachta ó bhéal), agus ina dhiaidh sin eiseoidh an t-oifigeach neamhspleách cinneadh cibé an seasfar leis an achomharc nó nach seasfar. Eiseofar an cinneadh sin chuig na páirtithe tráth nach déanaí **20 lá oibre** ó dháta na héisteachta ó bhéal.

4.2.5 Gearáin chráiteacha a bhainistiú

Is féidir cur síos a dhéanamh ar ghearán cráiteach mar líomhain atá á déanamh gan bhunús agus le rún mailíseach. Is cás é ina gcuireann duine i leith duine eile, go feasach nó gan aird ar fhírinne an scéil, go ndearna duine eile bulaíocht líomhainte orthu. D'fhéadfadh sé seo a bheith i gceist freisin sa chás go ndéanann duine amháin gearán mailíseach faoi dhuine a líomhnaítear a dhéanann bulaíocht ar thríú páirtí gan fírinneacht an éilimh a chinntiú go hiomlán.

Tá sé de chumhacht ag gearán cráiteach cur isteach go mór ar shaol duine eile, agus níor cheart beag is fiú a dhéanamh den damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann. Is féidir le líomhain bhulaíochta tionchar tromchúiseach a imirt ar aon duine agus a cháil nó a cáil a laghdú i súile daoine eile, fiú má thaispeántar ina dhiaidh sin nach bhfuil bunús léi. Ba cheart dóibh siúd a dhéanann gearáin agus dóibh siúd a bhfuil baint acu le measúnú luath ar chúinsí gearáin a bheith aireach i gcónaí ar chomhthéacs agus ar ghnéithe staide na heachtra agus glacadh leis na tuairimí agus na dearcthaí éagsúla atá ag daoine éagsúla faoin ócáid chéanna.

D'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith ag gearán cráiteach a dhéanamh, má chruthaítear é, d'fhostú an duine a dhéanann gearán den sórt sin, agus má chruthaítear gur tharla a leithéid d'fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith i gceist.

5. Próiseas foirmiúil a thabhairt i gcrích agus obair leantach ina dhiaidh sin

Ba chóir go nglacfar leis go bhféadfadh fiosrúcháin caidrimh an-deighilteach a chruthú do dhaoine aonair, d'fhoirne agus do ranna. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil cineál éigin cruinnithe athmhuintearais nó athshlánúcháin, nó seisiún oibre foirne oiriúnach chun cumarsáid oibre

níos sláintiúla a athbhunú don todhchaí. In go leor cásanna, le comhoibriú na bpáirtithe go léir, is féidir leis an ábhar teacht chun deiridh ag an bpointe seo.

Ag deireadh an phróisis fhoirmiúil, ba cheart don BOO doiciméid a choinneáil, i gcomhréir le Polasaí Cosanta Sonraí na mBord Oideachais agus Oiliúna.

5.1 Mura réitíonn na nósanna imeachta atá sa Pholasaí seo gearán bulaíochta

D'fhéadfaí gearán a dhéanamh leis an HSA maidir le gearán a rinneadh, nó gearán a rinneadh ina n-aghaidh; cuirfidh an HSA a féin tús lena nósanna imeachta féin i gcomhréir lena shainchúram reachtúil, mar atá leagtha amach sa chéad chuid eile den Pholasaí seo.

6. Ról an HSA agus an WRC

6.1 Ról an HSA

6.1.1 Réamhrá

Tá réimse gníomhaireachtaí stáit agus neamhstáit ann a bhfuil feidhm acu i réimse na bulaíochta san áit oibre. Bíonn tionchar ag píosaí éagsúla reachtaíochta freisin ar chásanna bulaíochta a chosc agus a bhainistiú, cuid acu roimh an eachtra, cuid eile i mbainistiú cásanna de réir mar a thagann siad chun cinn, agus cinn eile fós i ndiaidh an ghnímh.

Feidhmíonn an HSA faoi chumhachtaí reachtúla Acht 2005. Is é is cuspóir dó cosaint a chur ar fáil d'fhostaithe i ngach áit oibre i bPoblacht na hÉireann. Is é bunphrionsabal uileghabhálach Acht 2005 maoirseacht a dhéanamh ar dhualgas an fhostóra chun a dheimhniú go gcuirtear áit oibre agus córas oibre ar fáil do gach duine ag an obair atá, a mhéid is atá indéanta le réasún, saor ó riosca don tsláinte agus don tsábháilteacht.

Laistigh d'Acht 2005, tá dualgais shonracha ar fhostóirí, ar fhostaithe agus ar dhaoine eile an caighdeán seo a chaomhnú agus a chur chun cinn, chomh maith le cultúr sláintiúil agus sábháilte. Tá forálacha laistigh d'Acht 2005 a bhaineann le ceist na bulaíochta san áit oibre, go díreach agus/nó go hindíreach. Déanann Alt 8 2(b) tagairt dhíreach do 'iompar míchuí' agus do dhualgas an fhostóra a chinntiú go bhfuil córas leordhóthanach i bhfeidhm ag an áit oibre chun iompar den sórt sin a chosc. Déanann Alt 19 (Aithint Guaise agus Measúnú Riosca) agus alt 20 (Ráiteas Sábháilteachta) tagairt do dhualgas an fhostóra córais leordhóthanacha oibre a bheith i bhfeidhm agus na gníomhartha sin a thairgeadh i bhfoirm scríofa. San áireamh in Alt 13 (Dualgais Fostaí) tá dualgais an fhostaí comhoibriú le gníomhaíochtaí fhostóra den sórt sin.

6.1.2 Córas chun gearán/cásanna bulaíochta a phróiseáil

Chomh maith le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun feasacht a mhúscailt agus a chur chun cinn, soláthraíonn an HSA Aonad Teagmhála don Áit Oibre (WCU), ar féidir teagmháil a dhéanamh leis i bpearsa, ar fhón nó trí ríomhphost, áit ar féidir le fostaithe a mheasann go ndearnadh bulaíocht orthu an fhadhb a thuairisciú. Is féidir le fostaithe é a thuairisciú mar ghearán nó, má tá siad ag lorg eolais faoin gceist agus/nó mura bhfuil siad cinnte cibé an ionann nó nach ionann a dtaithe agus bulaíocht, is féidir leo dul i dteagmháil leis an WCU chun fiosrúchán a dhéanamh. Déanfar an cur chuige deireanach sin a thaifeadadh mar ‘Iarratas ar Fhaisnéis (RFI).’

Freagraíonn an WCU do RFIanna trí fhreagra ó bhéal nó i scríbhinn a thabhairt don chustaiméir nó, mura bhfuil siad in ann an cheist a fhreagairt, cuirfidh siad an RFI ar aghaidh chuig duine cuí a fhreagróidh é.

Sa chás go ndéantar gearán maidir le bulaíocht, is féidir é a rangú ar bhealaí éagsúla, ag brath ar ábhar an ghearáin agus ar nádúr an ghearáin. Is é an chéad scagaire a théann gach gearán tríd ná measúnú a dhéantar ar cibé an dtagann nó nach dtagann na hiompraíochtaí a ndearnadh gearán fúthu faoi réir shainmhíniú agus scóip gearáin bulaíochta (féach Cad is bulaíocht san áit oibre ann?).

Má bhaineann an gearán le duine a mheasann go bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, agus go dtagann an méid a chuireann siad síos air faoi réir na bulaíochta san áit oibre, agus tuairiscíonn siad nach bhfuil aon ghníomh á dhéanamh ag an bhfostóir, déanfaidh an WCU an t-ábhar sin a thaifeadadh, agus déanfaidh an fostóir teagmháil leis chun a bhfreagra a mheas agus chun obair leantach a dhéanamh ar an ábhar a mhéid a bhaineann le gníomh an fhostóra.

Sa chás gurb é an gearán go ndearna an fostóir gníomh, ach nach bhfuil an fostaí sásta leis an ngníomh nó le toradh an ghnímh sin, is é ról an HSA a mheas cibé an raibh nó nach raibh, sa mhéid is atá indéanta le réasún, gníomhartha an fhostóra leordhóthánach.

Má tá an gearán ó dhuine a bhfuil bulaíocht curtha ina leith, ar an gcaoi chéanna, tá ról an HSA mar an gcéanna - chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach inar phróiseáil an fostóir an t-ábhar.

I ngach ceann de na cásanna thuas, is páirtí neodrach é an HSA a bhfuil sé de shainchúram air sábháilteacht agus sláinte an fhostaí a chinntiú trí na gníomhartha réasúnacha agus praiticiúla dá bhforáiltear ag fostóirí ina gcórais oibre i gcoitinne agus trí bhainistiú na saincheiste go sonrach.

Tá an sainchúram reachtúil ar an HSA a dheimhniú go gcloítear le dualgais cúraim fostóirí do gach fostaí agus le dualgais bainistithe iompair mhíchuí ag an obair, áit a bhfuil guais na bulaíochta ann.

Is féidir leis an HSA a úsáid sa chás go mainníonn fostóir gníomhú go reasúnta i dtaca le fadhb atá ann cheana féin maidir le hábhar bulaíochta.

gníomh forfheidhmiúcháin i bhfoirmeacha éagsúla, ó chomhairle ó bhéal go comhairle i scríbhinn, Treoir Feabhsúcháin nó Fógra Feabhsúcháin. Is féidir leis an HSA freisin, tar éis fiosrúchán a dhéanamh, comhad a chur ar aghaidh, le moltaí, chuig an Stiúrthóir

Ionchúiseamh Poiblí (DPP) chun cabhrú leo cinneadh a dhéanamh maidir le hionchúiseamh fostóirí i gcás ina bhfuil fianaise ann gur mhainnigh na fostóirí a ndualgas maidir le fostaí nó fostaithe a chosaint ar dhrochiarmhairtí díobhálacha bulaíochta.


Níl aon ról ag an HSA sna gníomhartha smachtbhanna nó araíonachta a dhéantar sna hábhair seo agus níl ról aige in idirghabháil, idirbheartaíocht ná réiteach coinbhleachta idir páirtithe i gcás bulaíochta.

6.2 Ról an WRC

Tá sé i gcónaí mar aidhm ag an WRC idirchaidreamh oibre comhchuí a bhaint amach idir fostóirí agus fostaithe. Spreagfadh an Coimisiún i gcónaí go bpléifear díospóidí agus fadhbanna a thagann chun cinn san áit oibre go háitiúil, lena n-áirítear cásanna bulaíochta líomhainte, agus go réiteofar na ndíospóidí sin go háitiúil. Soláthraíonn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre roinnt seirbhísí a d'fhéadfadh cabhrú leo.

- Díríonn idirghabháil aonair agus chomhchoiteann san áit oibre ar iarracht a dhéanamh an t-ábhar a réiteach go luath go háitiúil sula gcuirtear tús le próiseas foirmiúil. Braitheann sé sin ar chomhaontú na bpáirtithe lena mbaineann go bhfuil siad sásta a bheith rannpháirteach agus soláthraíonn an WRC é ar bhonn ad hoc.
- Cuireann idirghabháil san áit oibre próiseas rúnda, gairmiúil, éifeachtúil agus éifeachtach ar fáil chun cabhrú le gach páirtí teacht ar chomhaontú nó toradh atá inghlactha go frithpháirteach ar dhíospóid nó éileamh. Cabhraíonn an cur chuige seo le próisis níos foirmiúla a sheachaint.
- Oireann sé go háirithe do dhíospóidí a bhaineann le daoine aonair nó le grúpaí beaga oibríthe a bhíonn ag déileáil le cásanna a bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leo: difríochtaí idirphearsanta, coinbhleachtaí, deacrachtaí maidir le bheith ag obair le chéile, cliseadh ar chaidreamh oibre.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chaidrimh fhoriomlána san áit oibre a bhíonn ann go ginearálta in eagraíochtaí agus cabhrú le bearta rannpháirtíochta dearfacha a chur i bhfeidhm.
- Soláthar seirbhísí Breithnithe faoi Alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 tar éis triail a bhaint as nósanna imeachta inmheánacha (tabhair faoi deara: baineann na forais a bhaineann le hatreorú chuig Oifigeach Breithnithe le fiosrúchán a dhéanamh ar chothroime agus le deimhniú an bhfuiltear ag cloí le próiseas agus nós imeachta cothrom).
- Leasaigh an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 an sainmhíniú ar oibrí san Acht Caidrimh Thionscail 1990 agus dúradh go n-eisiann sé “múinteoir atá fostaithe ag BOO”. Ar an gcúis seo, déanann múinteoirí achomhairc chuig Oifigeach Neamhspleách arna ainmniú ag rannóg na Seirbhísí Idir-réitigh, Comhairleacha agus Idirghabhála de chuid WRC (tabhair faoi deara: baineann na forais a bhaineann le hatreorú chuig Oifigeach Breithnithe le fiosrúchán a dhéanamh ar chothroime agus le deimhniú an bhfuiltear ag cloí le próiseas agus nós imeachta cothrom).

6.3 Ról an HSA agus an WRC maidir le Bulaíocht san áit oibre a Chosc



Health and Safety Authority (HAS)	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)
Bullying (see definition)	Bulaíocht (féach sainmhíniú)
I feel I am being bullied at work and want information/help.	Motháim go bhfuil bulaíocht á dhéanamh orm san áit oibre agus tá eolas/cabhair uaim.
I am unhappy with the outcome of an internal/in-house bullying procedure	Tá mé míshásta leis an toradh a bhí ar nós imeachta bulaíochta inmheánach
For advice → Request For Information (RFI).	Le comhairle a fháil → Iarratas ar Fhaisnéis (RFI).
To pursue implementation of anti-bullying policy → Complaint.	Iarraidh go gcuirfear polasaí frithbhulaíochta i bhfeidhm → Gearán.
Resolved	Réitithe
Not resolved	Neamhréitithe
WRC	WRC
Either Request For Information (RFI) or Complaint.	Iarratas ar Fhaisnéis (RFI) nó Gearán.
Employer Duty of Care met?	Dualgas Cúraim an Fhostóra comhlíonta?
Workplace Relations Commission (WRC)	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC)
Bullying (see definition)	Bulaíocht (féach sainmhíniú)
An allegation of bullying in the workplace has been made.	Rinneadh líomhain bhulaíochta san áit oibre.

I am unhappy how the investigation into my allegation of bullying in the workplace was conducted.	Tá mé míshásta leis an tslí a reáchtáladh an fiosrúchán ar mo líomhain bhulaíochta san áit oibre.
If both complainant and the respondent are agreeable, the assistance of the WRC can be sought to try and resolve the matter before a formal bullying investigation is initiated locally.	Má tá an gearánach agus an freagróir araon ar aon intinn, is féidir cúnamh an WRC a lorg chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach sula gcuirtear tús le fiosrúchán foirmiúil bulaíochta go háitiúil.
Make a referral to the WRC under Section 13 of the Industrial Relations Act 1969.**	Atreorú a dhéanamh chuig an gCoimisiún faoi Alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail 1969.**
Matter is resolved to the satisfaction of both parties.	Réitíodh an cheist chun sástacht an dá pháirtí.
Matter is not resolved. Continue with local formal procedure.	Níor réitíodh an cheist. Lean ar aghaidh leis an nós imeachta foirmiúil áitiúil.
The Adjudication Officer concludes that the investigation was conducted properly and fairly and the outcome should stand.	Deir an tOifigeach Breithnithe gur reáchtáladh an fiosrúchán i gceart agus go cothrom agus gur cheart go seasfaidh an toradh.
The Adjudication Officer concludes that the investigation was not conducted properly and issues a recommendation.	Deir an tOifigeach Breithnithe nár reáchtáladh an fiosrúchán i gceart agus eisiónn sé moladh.
**It should be noted that the system of Industrial Relations in Ireland is voluntary in nature and participation in processes under industrial relations legislation is by agreement with both parties to a dispute. The outcome from a hearing by an adjudication officer is by way of recommendation and as such can be accepted or rejected by either both parties.	**Ba chóir a thabhairt faoi deara gur córas deonach é an córas Caidrimh Thionsclaíoch in Éirinn agus go bhfuil rannpháirtíocht i bpróisis faoin reachtaíocht um chaidreamh tionsclaíoch trí chomhaontú leis an dá pháirtí i ndíospóid. Is trí mholadh a dhéantar an toradh ó éisteacht ó oifigeach breithnithe agus dá réir sin is féidir le ceachtar den dá pháirtí glacadh leis nó diúltú dó.
Harassment (under 9 grounds)	Ciapadh (de réir 9 bhforas)
I am being targeted/treated differently/discriminated against at work due to membership of one of the following categories:	Táthar ag díriú orm/caitear liom ar bhealach difriúil/tá leithcheal a dhéanamh orm ag an obair mar gheall i mo bhall de cheann amháin de na catagóirí seo a leanas:
1. Family Status	1. Stádas Clainne
2. Gender	2. Inscne
3. Civil Status	3. Stádas Sibhialta
4. Sexual Orientation	4. Gnéaschlaonadh
5. Religion	5. Reiligiún
6. Race	6. Cine
7. Age	7. Aois
8. Disability	8. Míchumas
9. Member of Traveller Community	9. Ball den Lucht Siúil

7. Ginearálta

7.1 Polasaí a Chur in Iúl

Cuirfear an polasaí seo in iúl go héifeachtach dóibh siúd go léir a bhféadfadh sé tionchar a imirt orthu, lena n-áirítear bainistíocht, fostaithe, páirtithe leasmhara, agus teagmhálacha

gnó eile, amhail iad siúd a sholáthraíonn agus a fhaigheann earraí agus seirbhísí. D'fhéadfadh nuachtlitreacha, lámhleabhair oiliúna, cúrsaí oiliúna, bileoga, láithreáin ghréasáin, ríomhphoist, gearrchomhráite roimh obair agus cláir fógraí a bheith i gceist le modhanna éifeachtacha chun polasaí a chur in iúl.

Cumarsáid le fostaithe

Cuirfear fostaithe nua, lena n-áirítear iad siúd atá i mbainistíocht agus gach post freagrachta eile, ar an eolas faoin bpolasaí mar chuid d'aon phróiseas foirmiúil ionduchtúcháin chun eolas a chur ar a bpoist agus ar a dtimpeallacht oibre agus ar aon rialacha agus rialacháin a bhfuil feidhm acu.

Tá an Polasaí Frithbhulaíochta ar fáil don fhoireann ag:

<https://www.ddletb.ie/corporate/corporate-about-us/publications/publications-policies/>

Ba cheart d'fhostaithe atá ann cheana cumarsáid nuashonraithe agus rialta a fháil maidir leis an bpolasaí.

Cumarsáid le daoine nach fostaithe iad

Ba chóir achoimre den **Pholasaí Frithbhulaíochta** a bheith ar taispeáint go feiceálach nuair is cuí agus mar a shainnítear sa mheasúnú riosca, ar nós in áiteanna ina mbíonn daoine den phobal agus páirtithe leasmhara.

7.2 Monatóireacht ag an BOO

Tá an BOO tiomanta do mhonatóireacht agus do thaifeadadh a dhéanamh ar eachtraí bulaíochta ag an áit oibre.

Ba cheart staitisticí agus eolas a bhailítear ó mhonatóireacht den sórt sin a thaifeadadh agus a úsáid chun cabhrú leis an BOO gníomh ceartaitheach a dhéanamh nó feabhas leanúnach a bhaint amach maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí agus an nós imeachta um chosc ar bhulaíocht.

7.3 Oiliúint agus Maoirseacht

Ba chóir eolas, oiliúint, forbairt agus maoirseacht a chur ar fáil d'fhostaithe de réir mar is gá chun a chinntiú go gcuirtear cosc ar bhulaíocht agus chun a bhfreagrachtaí faoin bpolasaí seo a chomhlíonadh. Ba chóir go n-áirítear leis seo:

feasacht a chur ar na fostaithe maidir leis an **bPolasaí Frithbhulaíochta**;

- eolas faoin iompar cuí chun téarmaí an pholasaí a chomhlíonadh;
- oiliúint, más gá, ar mhaithe leis an bpolasaí a chomhlíonadh; agus
- cúnamh, más gá, chun teagmhas bulaíochta a chur díobh, chomh maith le maoirseacht leordhóthanach agus eolasach ar an timpeallacht oibre.

Áirítear leis an bpolasaí seo tiomantas d'oilúint agus maoirseacht foirne mar a shainaithnítear sa mheasúnú riosca ar fhadhbanna a bhaineann le bulaíocht ag an obair, lena n-áirítear oilúint a sholáthar do bhainisteoirí, do mhaoirseoirí, agus do gach ball foirne ag an ionduchtú nó trí thionscnaimh chuí múscailte feasachta. Sainaithneoidh oilúint den sórt sin na gnéithe a chuireann le timpeallacht oibre atá saor ó bhulaíocht agus cuirfidh sí eolas ar rannpháirtithe maidir lena bhfreagrachtaí faoin bpolasaí agus aon fhadhbanna ar dócha go mbeidh rompu.

Tá oilúint den sórt sin thar a bheith tábhachtach do na baill foirne sin atá freagrach as maoirseacht agus as an bpolasaí a chur i bhfeidhm agus as freagairt do ghearáin.

Is é an dea-chleachtas ná a chinntiú go gcoimeádann an fostóir taifid den oilúint sin ar fad.

7.4 Athbhreithnithe

Déanfaidh na páirtithe sa chomhaontú seo athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar leibhéal náisiúnta mar atá sceidealaithe ag an bhFóram Comhairleach Náisiúnta nó i gcás ina gcinneann reachtaíocht go bhfuil gá le hathrú.

Is feidhm Feidhmiúcháin de chuid an BOO é a chinntiú go ndéantar monatóireacht, oilúint agus athbhreithnithe.

Aguisín 1:

Téarmaí Tagartha maidir le Fiosrúchán Foirmiúil a Riar

Soláthraíonn an t-aguisín seo téarmaí tagartha a rialaíonn fiosruithe faoin nós imeachta foirmiúil.

Téarmaí Tagartha chun gearáin a fhiosrú – Céim Fhoirmiúil 1

1. Fiosraigh an gearán.
2. Téigh i mbun fiosrúcháin de réir an phrótacail.
3. Cuir nós imeachta cothrom agus ceartas nádúrtha ar fáil don ghearánach/do na gearánaigh agus don fhreagróir/do na freagróirí.
4. Eisigh tuairisc maidir leis na torthaí a bhfuarthas bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh i láthair:
 - Déan cinneadh, maidir le gach gné den ghearán, an bhfuil cás le freagairt go dtagann an t-iompar atá i gceist faoin réir shainmhíniú na bulaíochta atá sa pholasáí seo.
 - Déan cinneadh, maidir le gach gné den ghearán, an bhfuil cás le freagairt go raibh iompar den chineál seo ar siúl ag an bhfreagróir atá i gceist.
 - Cuir cinneadh foriomlán ar fáil maidir le cibé an bhfuil cás le freagairt go ndeachaigh an freagróir i mbun bulaíochta.
 - Cuir cinneadh foriomlán ar fáil, nuair, i gcás gur cuí, maidir le cibé an bhfuil cás le freagairt go raibh gearán cráiteach/go raibh rún mailíseach sa ghearán.
5. Cloígh leis na tréimhsí ama chun an fiosrúchán a bhrostú mar a mholtar sa *Pholasáí um Chosc ar Bhulaíocht - Nós Imeachta Gearán d'Fhoireann an BOO*.
6. Oibrigh laistigh den bhuiséad comhaontaithe chun an fiosrúchán a urscaoileadh faoin gconradh le haghaidh seirbhíse leis an BOO ainmnithe.

NB: Tá fiosraitheoir amháin ag teastáil le haghaidh fiosrúcháin bhulaíochta. Tá sé de rogha leis an BOO maidir le cibé an bhféadfadh fiosraitheoir breise a bheith ag teastáil le haghaidh cásanna atá thar a bheith casta. Tá gá le beirt fiosraitheoirí ag féachaint do chothromaíocht inscne i ngach gearán ciaptha líomhainte.

Prótacal chun fiosrúcháin a riar

Ba cheart an prótacal seo a leanúint. Is faoin bhfiosraitheoir atá sé na dátaí ar a dtionóltar cruinnithe agus an t-ord ina bhfuil cruinnithe sceidealta, ach ba cheart leanúint le hagallamh a chur ar an ngearánach/na gearánaigh, ar an bhfreagróir/ar na freagróirí, ar an bhfinné/ar na finnéithe san ord sin.

Clúdóidh an fiosrúchán an gearán/na gearáin shonracha a rinneadh i gcoinne an fhreagróra/na bhfreagróirí ainmnithe agus tabharfaidh sé aghaidh freisin ar aon eolas/faisnéis bhreise a thagann chun cinn le linn an fhiosrúcháin ach amháin i ndáil leis an ngearán.

Beidh rúnaí taifeadta in éineacht leis an bhfiosraitheoir ag gach cruinniú fiosrúcháin.

Gearánach a chur faoi agallamh:

- Tabhair le fios go réachtálfar an fiosrúchán agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht.
- I gcás ina bhfuil páirtithe san fhiosrúchán á gcur faoi agallamh, tá sé/sí i dteideal comhghleacaí oibre nó ionadaí ceardchumainn a bheith in éineacht leis/léi ag an agallamh/na hagallaimh fiosrúcháin.
- Cuir an dréacht-mhiontuairisc dheiridh den agallamh fiosrúcháin ar aghaidh chuig an ngearánach agus tabhair deis dóibh leasuithe sonracha a mholadh (*le cur isteach i scríbhinn*) ar ábhair **chruinnis nó fíorais** ar an miontuairisc. Is faoin bhfiosraitheoir/í atá sé glacadh le haon leasuithe atá beartaithe.
- Cuir miontuairiscí deiridh an chruinnithe ar aghaidh chuig an ngearánach, ina leagtar amach an bonn ar ar diúltaíodh d'aon leasuithe a moladh.

Freagróir a chur faoi agallamh:

- Tabhair le fios go réachtálfar an fiosrúchán agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht
- I gcás ina bhfuil páirtithe san fhiosrúchán á gcur faoi agallamh, tá sé/sí i dteideal comhghleacaí oibre nó ionadaí ceardchumainn a bheith in éineacht leis/léi ag an agallamh/na hagallaimh fiosrúcháin.
- Cuir an dréacht-mhiontuairisc dheiridh den agallamh fiosrúcháin ar aghaidh chuig an bhfreagróir agus tabhair an deis dóibh leasuithe sonracha a mholadh (*le cur isteach i scríbhinn*) ar ábhair **chruinnis nó fíorais** ar an miontuairisc. Is faoin bhfiosraitheoir/í atá sé glacadh le haon leasuithe atá beartaithe.
- Cuir miontuairiscí deiridh an chruinnithe ar aghaidh chuig an bhfreagróir ina leagtar amach an bonn ar ar diúltaíodh d'aon leasuithe a moladh.

Finné a chur faoi agallamh:

- D'fhéadfadh an fiosraitheoir ráitis finné aonair sínithe agus dátaithe maidir le teagmhas/teagmhais líomhainte a lorg roimh agallamh le finné agus de réir na tréimhse ama atá leagtha síos ag an bhfiosraitheoir/í.
- **Tabhair cuireadh don fhinné ainmnithe chuig cruinniú.** I gcásanna den sórt sin, ullmhóidh an fiosraitheoir dréacht-mhiontuairisc don agallamh agus cuirfear ar fáil don fhinné é. Déanfaidh an finné athbhreithniú ar an dréacht-mhiontuairisc, agus más iomchuí, molfaidh sé/sí leasuithe sonracha (*i scríbhinn*) ar ábhair **chruinnis nó fíorais** ar an miontuairisc, i gcás gur infheidhme, agus laistigh den tréimhse ama a fhorordóidh an fiosraitheoir/na fiosraitheoirí(i). Déanfaidh an fiosraitheoir athbhreithniú ar aon leasú/leasuithe a cuireadh isteach i scríbhinn agus cinneadh mar gheall orthu. Cuirfidh fiosraitheoir(i) miontuairisc dheiridh ar fáil don fhinné.
- **Rud atá tábhachtach, sa chás go gcuirtear roinnt ráitis finné ar fáil maidir le teagmha(i)s ar leith,** mura bhfuil éagsúlacht shuntasach san fhianaise a thugtar sna ráitis finné a sholáthraítear, d'fhéadfadh an fiosraitheoir a mheas gur leor agallaimh theileafóin/ghréasánbhunaithe. Tá le hagallamh teileafóin/gréasánbhunaithe a dhéanamh le finné i gcúinsí den sórt sin faoi réir chomhaontú an fhinné. I gcúinsí den sórt sin, ullmhóidh an fhoireann fiosrúcháin dréacht-mhiontuairisc den agallamh agus cuirfear ar fáil don fhinné é. Déanfaidh an finné athbhreithniú ar an dréacht-mhiontuairisc, agus más iomchuí, molfaidh sé/sí leasuithe sonracha (*i scríbhinn*) ar ábhair **chruinnis nó fíorais** ar an miontuairisc, i gcás gur infheidhme, agus laistigh den tréimhse ama a fhorordóidh an fiosraitheoir/na fiosraitheoirí(i). Déanfaidh an fiosraitheoir athbhreithniú ar aon leasú/leasuithe a cuireadh isteach i scríbhinn agus cinneadh mar gheall orthu. Cuirfidh fiosraitheoir(i) miontuairisc dheiridh ar fáil don fhinné.
- **Níl comhráitis finné inghlactha.** Tá feidhm aige seo cibé an dtaisctear gearán den chéad uair nó má thaisctear é de dhroim cinnidh chun tús a chur arís le fiosrúchán gearáin ag Céim 1 den Nós Imeachta Foirmiúil.
- Cuir in iúl don fhinné, i gcás go bhfreastalaíonn sé/sí ar agalla(i)mh fiosrúchán, go bhfuil sé/sí i dteideal comhghleacaí oibre nó ionadaí ceardchumainn a bheith in éineacht leis/léi ag an agallamh/ na hagallaimh. Ní bheidh sé iomchuí má tá duine tionlacain den sórt sin ina pháirtí san fhiosrúchán nó ina fhinné eile a chuirfear faoi agallamh freisin nó a dhéanfaidh ráiteas le linn an fhiosrúcháin.
- Ag an gcruinniú nó le linn agallaimh, cuir an méid seo a leanas in iúl don fhinné:
 - Déanfar an fiosrúchán agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht
 - Cuirfear cóip dá ráiteas ar fáil do na páirtithe sa ghearán.
 - Níor cheart dó/di sonraí an fhiosrúcháin nó nithe gaolmhara eile leis an ngearán a phlé le haon pháirtí eile.

- Agus cúlra an ghearáin á shocrú, níor cheart ach a dhóthain eolais a thabhairt d'fhinnéithe chun ligean don fhoireann fiosrúcháin a chinneadh cad a tharla i ndáil leis an líomhain.
 - Cuir dréacht-mhiontuairisc den agallamh fiosraithe ar aghaidh chuig an bhfinné lena athbhreithniú de réir pointí urchair 2 nó 3 thuas. Is faoin bhfiosraitheoir/í atá sé glacadh le haon leasuithe atá beartaithe.
 - Cuir an mhiontuairisc dheiridh d'agallamh an fhinné, ina leagtar amach an bonn ar ar diúltaíodh d'aon leasuithe a moladh ar aghaidh chuig an bhfinné.
- **Cuntais Finnéithe a Thagann salach ar a chéile:** I gcás ina gcuirtear cuntais ar theagmhas os comhair an fhiosraitheora a thagann salach ar a chéile agus i gcás nach bhfuil aon fhinnéithe breise ar fáil nó i gcás nach bhfuil fianaise áititheach, braitheann an cás ar cén leagan d'imeachtaí a mheasann an fiosraitheoir a bheith níos inchreidte, ach ní mór réasúnaíocht a sholáthar.
 - Má thagann fiosraitheoir ar an eolas go ndearnadh aon iarracht tionchar a imirt ar fhinné ba cheart an t-ábhar a thuairisciú láithreach do Cheann Acmhainní Daonna an BOO. Measfar gur sárú tromchúiseach smachta é aon chur isteach den sórt sin agus beidh sé faoi réir gníomh araíonachta.

Gníomhaíocht Bhreise:

- Ní chuirfear san áireamh ach doiciméid agus ráitis a bailíodh le linn an fhiosrúcháin atá ábhartha don ghearán.
- Nuair a bheidh na hagallaimh go léir críochnaithe, cuirfear cóip de mhiontuairiscí na n-agallamh ar fad a rinneadh (agallaimh le finnéithe san áireamh) ar fáil do gach páirtí sa ghearán.
- De réir mar is cuí chun fíricí na líomhna a chinneadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an bhfiosraitheoir agallamh a chur ar dhaoine eile atá ainmnithe i ráitis a ndéantar tagairt dóibh le linn cruinnithe fiosraithe nó, go deimhin, aon duine a cuireadh faoi agallamh roimhe sin a chur faoi agallamh (le linn cruinnithe/cruinnithe fiosrúcháin) d'fhonn a chinneadh an bhfuil cás le freagairt go raibh an freagróir i mbun bulaíochta.
- Má mheasann an fiosraitheoir/í gur cuí é, buail leis an ngearánach i ndáil le hábhair a thagann chun cinn a dteastaíonn soiléiriú breise uathu.
- Má mheasann an fiosraitheoir/í gur cuí é, buail leis an bhfreagróir maidir le hábhair a thagann chun cinn a dteastaíonn soiléiriú breise uathu.
- Más rud é, le linn an fhiosrúcháin, go gcuirtear ábhair bhreise a bhaineann leis an ngearán bunaidh os comhair an fhiosraitheora, ba cheart don fhiosraitheoir fógra a thabhairt do na páirtithe sa ghearán faoi aon fhaisnéis nó fianaise den sórt sin agus deis a thabhairt do na páirtithe sa ghearán freagra a thabhairt. Ní féidir aon ghearán nua a dhéanamh faoin bhfiosrúchán seo.

- Tá sé riachtanach go dtógfar miontuairiscí cruinne mionsonraithe ag gach agallamh fiosrúcháin a dhéantar le linn an fhiosrúcháin.
- Fiosrúchán dúnta.
- Ullmhóidh an fhoireann fiosrúcháin, a cheapfar amhlaidh, dréacht-tuairisc. Tabharfar deis do pháirtithe an ghearáin leasuithe sonracha (i scríbhinn) a mholadh ar ábhair chruinnis nó fórais don dréacht-tuairisc fiosrúcháin. Cinnteoidh an fiosraitheoir an tréimhse ama ar laistigh di ba cheart aighneachtaí dá leithéid a sholáthar.
- Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí i scríbhinn (má sholáthraítear iad), déanfaidh an fhoireann athbhreithniú ar ghlacadh nó diúltú na míreanna a ardaíodh in aighneacht bheartaithe agus tabharfaidh siad réasúnaíocht maidir leo.
- Is faoin bhfoireann fiosrúcháin an cinneadh glacadh/diúltú do na nithe sin in aighneacht ó cheachtar páirtí sa ghearán.
- **Tuairisc fiosrúcháin deiridh a ullmhú.** Ní mór an t-eolas seo a leanas a bheith san áireamh i dtuairiscí an fhiosrúcháin, ach gan a bheith teoranta dóibh, de réir mar is cuí do na cúinsí sonracha:
 - Bunús dlí agus beartais an fhiosrúcháin, chomh maith leis na caighdeáin ghairmiúla is infheidhme;
 - Cur síos ar rannpháirtíocht fhiosraitheoir agus cúlra an ghearáin;
 - Achoimre ar líomhaintí an ghearánaí;
 - Achoimre ar fhreagra an fhreagróra ar líomhaintí;
 - Liostú na faisnéise a bailíodh, lena n-áirítear agallaimh a rinneadh agus doiciméid a ndearnadh athbhreithniú orthu;
 - Más rud é nár cuireadh agallamh ar aon fhinnéithe nó leideanna a chuir na páirtithe ar fáil nó nár fiosraíodh iad, mínigh cén fáth nach ndearnadh amhlaidh;
 - Cinneadh a dhéanamh, maidir le gach gné den ghearán, an bhfuil cás le freagairt go dtagann an t-iompar atá i gceist faoi réir shainmhíniú na bulaíochta atá sa pholasáí seo;
 - Cinneadh a dhéanamh, maidir le gach gné den ghearán, an bhfuil cás le freagairt go raibh an freagróir i mbun an iompair atá i gceist.
 - Cinneadh foriomlán maidir le cibé an bhfuil cás le freagairt go raibh an freagróir i mbun bulaíochta.
 - Féadfar i dtuairisc an fhiosrúcháin, i gcás gur is cuí, a chinneadh go bhfuil cás le freagairt go raibh gearán cráiteach i gceist/go raibh rún mailíseach aige.
 - An réasúnaíocht maidir le glacadh nó diúltú na míreanna a ardaíodh in aighneachtaí ar an dréacht-tuarascáil.
 - Faisnéis ábhartha eile.

- Ba cheart go n-áireofaí sa tuarascáil fiosraithe deiridh, mar aguisín, na nótaí agallaimh go léir, agus na doiciméid a bhaineann leis na cinntí atá sa tuarascáil.
- Cuirfear deireadh anseo leis an bhfiosrúchán.
- Ní mór tuairisc an fhiosrúcháin seo a eisiúint do na páirtithe sa ghearán agus don Cheann Acmhainní Daonna tráth nach déanaí ná **60 lá oibre** ón dáta a shínítear an Conradh seirbhísí.
- Ní fhéadfar na teorainneacha ama a mholtar maidir leis na 60 lá oibre a shíneadh ach amháin in imthosca an-mhaolaitheach faoi réir rogha an Chinn Acmhainní Daonna i gcomhairle leis an gcomhlacht fiosraithe.
- Beidh sé de fhreagracht ar an bhfiosraitheoir/í cóipeanna de thuairisc dheiridh an fhiosrúcháin a chur ar aghaidh chuig na páirtithe sa ghearán agus cóip a chur chuig an gceann Acmhainní Daonna.

Aguisín 2: Sleachta as acht um sábháilteacht, sláinte agus leas ag an áit oibre, 2005

8. Dualgais ghinearálta an fhostóra

- (8) Deimhneoidh gach fostóir, sa mhéid atá indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a c(h)uid fostaithe san áit oibre.
- (9) Gan dochar do ghinearáltacht *alt* (1), clúdaíonn dualgas an fhostóra, go sonrath, don mhéid seo a leanas:
- gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a riar ar bhealach ina ndeimhnítear, a mhéid is atá indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a c(h)uid fostaithe san áit oibre;
 - gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a riar ar bhealach ina gcuirfear cosc, sa mhéid agus atá indéanta le réasún, ar aon iompar míchuí a chuirfidh sábháilteacht sláinte nó leas a c(h)uid fostaithe i mbaol san áit oibre;
 - maidir leis an áit oibre lena mbaineann, ag deimhniú sa mhéid is atá sé indéanta le réasún:
 - dearadh, soláthar agus cothabháil i staid atá sábháilte agus gan riosca don tsláinte;
 - dearadh, soláthar agus cothabháil bealaí sábháilte chun rochtain a fháil air agus imeacht uaidh; agus
 - dearadh, soláthar agus cothabháil gléasra agus innealra nó aon earraí eile atá sábháilte agus gan riosca don tsláinte;
 - a dheimhniú, a mhéid atá déanta le réasún, sábháilteacht agus ag an obair dá f(h)ostaithe agus go gcuirtear cosc ar riosca sláinte dóibh a bhaineann le húsáid aon

earra nó substainte nó nochtadh do thorann, do chreathadh nó do radaíochtaí ianúcháin nó do radaíochtaí eile nó d'aon ghníomhaí fisiceach eile;

- e) córais oibre a sholáthar atá pleanáilte, eagraithe, feidhmithe, coinnithe agus athbhreithnithe de réir mar is cóir le go mbeidís, a mhéid agus atá indéanta le réasún, sábháilte agus nach mbeidís ina riosca don tsláinte;
 - f) saoráidí agus socruithe a sholáthar agus a chothabháil ar mhaithe le leas a c(h)uid fostaithe ag an obair;
 - g) an t-eolas, an teagasc, an oiliúint agus an maoirseacht atá ag teastáil a chur ar fáil le deimhniú, a mhéid agus atá indéanta le réasún, go mbainfear amach sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre a c(h)uid fostaithe;
 - h) na bearta sábháilteachta, sláinte agus leasa is gá a chinneadh chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe nó a fostaithe a chosaint agus iad a chur i bhfeidhm nuair a bheidh guaiseacha á sainaitheint agus measúnú riosca á dhéanamh faoi *alt 19* nó le linn ráiteas sábháilteachta a ullmhú faoi *alt 20* agus a dheimhniú go gcuirtear imthosca athraitheacha agus prionsabail ghinearálta an choisc a shonraítear i Sceideal 3 san áireamh sna bearta;
 - i) ag féachaint do phrionsabail ghinearálta an choiscithe i Sceideal 3, i gcás nach féidir priacail a chosc nó a rialú go leordhóthanach nó i cibé imthosca a fhorordófar, cibé éadaí agus trealamh cosanta oiriúnach a sholáthar agus a chothabháil is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas a c(h)uid fostaithe nó a fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is atá indéanta le réasún;
 - j) pleananna agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bheidh le leanúint agus bearta atá le déanamh i gcás éigeandála nó garchontúirt thromchúiseach a ullmhú agus a athbhreithniú, de réir mar is iomchuí;
 - k) tionóiscí agus tarluithe contúirteacha, de réir mar a fhorordófar, a thuirisciú don Údarás nó do dhuine a fhorordaítear faoi *alt 33*, de réir mar is cuí; agus
 - l) seirbhísí duine inniúil (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó ar shlí eile) a fháil, i gcás inar gá, chun sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre a dheimhniú a mhéid agus atá indéanta le réasún.
- (10) Beidh feidhm freisin ag aon dualgas a fhorchuirtear ar fhostóir faoi na forálacha reachtúla iomchuí i leith aon duine dá f(h)ostaithe maidir le húsáid seirbhísí fostaí téarma shocraithe nó fostaí shealadaigh aige nó aici.
- (11) Le linn d'aon fhostaí ar théarma seasta nó aon fhostaí sealadach a bheith sannta agus é/í ag obair i ngnóthas an fhostóra, beidh sé de dhualgas ar an bhfostóir a chinntiú go bhfuil dálaí oibre ann de chineál a chosnóidh sábháilteacht, sláinte agus leas a leithéid d'fhostaí san áit oibre.

- (12) Deimhneoidh gach fostóir nach mbeidh costas airgeadais ar a c(h)uid fostaithe i gceist le haon bhearta a dhéanfaidh sé nó sí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an áit oibre.

Alt 9: Eolas d'fhostaithe

9. (1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 8*, déanfaidh gach fostóir, agus iad ag cur eolas ar fáil dá f(h)ostaithe faoin alt maidir le hábhair a bhaineann lena sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre, an méid seo a leanas a dheimhniú maidir leis an eolas:
- a. gur tugadh é i bhfoirm, ar mhodh agus, de réir mar is cuí, i dteanga ar dócha le réasún a thuigfidh na fostaithe lena mbaineann, agus
 - b. an t-eolas seo a leanas mar chuid de:
 - I. na guaiseacha don tsábháilteacht, don tsláinte agus don leas san áit oibre agus na rioscaí a shainaithnítear sa mheasúnú riosca;
 - II. na bearta cosanta agus coisctheacha atá le déanamh maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre faoi na forálacha reachtúla ábhartha i ndáil leis an áit oibre agus gach cúram sonrath atá le déanamh ag an áit oibre; agus
 - III. ainmneacha na ndaoine a bheidh ainmnithe faoi *alt 11* agus ainmneacha ionadaithe sábháilteachta a roghnófar faoi *alt 25*, más ann dóibh.
- (2) I gcás fostaí de chuid gnóthais eile a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí oibre i ngnóthas fostóra, déanfaidh an fostóir sin bearta chun a chinntiú go bhfaighidh fostóir an fhostaí faisnéis leordhóthanach maidir leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.
- (3) Deimhneoidh gach fostóir go mbeidh rochtain ag fostaithe a ceapadh faoi *alt 18* iad agus ag ionadaithe sábháilteachta, más ann dóibh, chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus slándáil fostaithe, ar na nithe seo a leanas:
- a. an measúnú riosca a rinneadh faoi *alt 19*;
 - a. eolas a bhaineann le tionóiscí agus tarluithe contúirteacha a chaithear a thuairisciú don Údarás nó do dhuine a fhorordaítear faoi *alt 33* faoi na forálacha reachtúla ábhartha; agus
 - b. aon eolas a eascraíonn as bearta cosantacha agus coisctheacha arna ndéanamh faoi na forálacha reachtúla iomchuí nó arna soláthar ag an Údarás, ag duine forordaithe faoi *alt 33*, nó ag duine dá dtagraítear in *alt 34(2)*.

- (4) (a) I gcás ina mbeartaíonn fostóir seirbhísí fostaí téarma shocraithe nó fostaí shealadaigh a úsáid, déanfaidh an fostóir, roimh thosach na fostaíochta, faisnéis a thabhairt don fhostaí maidir leis na nithe seo a leanas:
- i. aon riosca féideartha do shábháilteacht, do shláinte agus do leas an fhostaí san áit oibre;
 - ii. faireachas sláinte;
 - iii. aon cháilíochtaí nó scileanna gairme speisialta a theastaíonn san áit oibre; agus aon rioscaí sonracha méadaithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an obair.
- (b) I gcás ina mbeartaíonn fostóir seirbhísí fostaí shealadaigh a úsáid, déanfaidh an fostóir an méid seo a leanas:
- i. a chur in iúl don ghnó fostaíochta sealadaí lena mbaineann na cáilíochtaí gairme is gá don obair agus na gnéithe sonracha den obair óna bhfuil a leithéid d'fhostaí ag teastáil agus
 - ii. deimhniú go dtabharfaidh an gnó fostaíochta sealadaí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír (a) don fhostaí.
- (5) Tabharfaidh an gnó fostaíochta sealadaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)* an t-eolas dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)(i)*.

Alt 10: Teagasc, oiliúint agus maoirseacht fostaithe

10. (1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 8* agus ag féachaint d'*ailt 25 agus 26*, déanfaidh gach fostóir, agus teagasc, oiliúint agus maoirseacht á chur ar fáil acu maidir lena sábháilteacht, lena sláinte agus lena leas san áit oibre, a dheimhniú:
- (a) go gcuirtear teagasc, oiliúint agus maoirseacht ar fáil i bhfoirm, ar bhealach, agus de réir mar is cuí, i dteanga ar dócha le réasún a thuigfidh an fostaí lena mbaineann;
 - (b) faigheann fostaithe, le linn a gcuid ama shaoir ón obair, i gcásanna oiriúnacha, agus gan luach saothair a chailliúint, oiliúint leordhóthanach sábháilteachta, sláinte agus leasa lena n-áirítear, go sonrach, faisnéis agus treoracha a ghabhann leis an tasc ar leith atá le déanamh ag an bhfostaí agus na bearta atá le déanamh i gcás éigeandála;
 - (c) maidir le haon tasc ar leith a sannadh d'fhostaí, go gcuirtear a gcumas maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san áireamh; agus
 - (d) i gcás go bhfuil:
 - (i) aicme nó aicmí fostaithe atá thar a bheith íogair agus a bhfuil feidhm ag aon cheann de na forálacha reachtúla ábhartha maidir leo; nó
 - (ii) aon fhostaí nó grúpa fostaithe atá ar ris ar rioscaí dá bhforáiltear go sainráite faoi na forálacha reachtúla ábhartha, cosnaítear na fostaithe lena mbaineann ar na contúirtí a théann i bhfeidhm go sonrach orthu.

- (2) Déanfar oiliúint faoin alt seo a oiriúnú chun priacail nua nó athraithe do shábháilteacht, do shláinte agus do leas san áit oibre a chur san áireamh agus, de réir mar is cuí, déanfar í a athdhéanamh go tréimhsiúil.
- (3) Cuirfear oiliúint faoin alt seo ar fáil d'fhostaithe:
- (a) ar earcaíocht;
 - (b) i gcás aistriú fostaí nó athrú ar an tasc a shanntar d'fhostaí;
 - (c) maidir le trealamh oibre nua, córais oibre nua nó athruithe ar threalamh oibre nó ar chórais oibre atá ann cheana a thabhairt isteach; agus
 - (d) ar thabhairt isteach teicneolaíocht nua
- (4) I gcásanna, maidir le haon obair ar leith go bhforordófar ceanglais inniúlachta, déanfaidh an fostóir foráil maidir le fostaithe a scaoileadh saor, le linn uaireanta oibre, i gcásanna gur cuí, agus gan a luach saothair a chailliúint, le freastal ar oiliúint i gcúrsaí a ghabhann le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre maidir leis an obair áirithe.
- (5) Deimhneoidh gach fostóir go bhfaighidh daoine san áit oibre lena mbaineann ar fostaithe de chuid fostóra eile iad treoracha maidir le haon riosca dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas san áit oibre sin de réir mar is gá nó is cuí.
- (6) Cinnteoidh gach fostóir a úsáideann seirbhísí fostaí ar théarma seasta nó fostaí shealadaigh go bhfaighidh an fostaí an oiliúint is cuí don obair a cheanglaítear air nó uirthi a dhéanamh ag féachaint dá cháilíochtaí agus dá t(h)aithí.

Alt 13: Dualgais an fhostaí

- (1) Fad agus atá an fostaí san áit oibre, déanfaidh siad:
- a. na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh, de réir mar is cuí, agus cúram réasúnach a ghlacadh chun sábháilteacht, sláinte agus leas an fhostaí agus sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a bhféadfadh gníomhartha nó neamhghníomhartha an fhostaí ag an obair tionchar a imirt air nó uirthi a chosaint;
 - b. a dheimhniú nach bhfuil sé nó sí faoi bhrí meiscigh sa mhéid go bhfuil sé nó sí i staid a chuirfeadh sábháilteacht, sláinte nó leas éinne eile i mbaol;
 - c. Má chuireann a f(h)ostóir de dhualgas réasúnach air nó uirthi, dul i mbun aon tástálacha iomchuí réasúnacha agus comhréireacha a dhéanamh le haghaidh meisceach ag lia-chleachtóir cláraithe, nó faoi mhaoirseacht lia-chleachtóra chláraithe, ar duine inniúil é nó é, de réir mar a fhorordófar;
 - d. comhoibriú lena f(h)ostóir nó le haon duine eile sa mhéid is gur gá chun cur ar chumas a f(h)ostóra nó ar aon duine eile na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh, de réir mar is cuí;

- e. gan a bheith ag gabháil d'iompar míchuí nó d'iompar eile ar dóigh dó a s(h)ábháilteacht, s(h)láinte agus leas san áit oibre nó sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a chur i mbaol;
- f. freastal ar cibé oiliúint agus, de réir mar is cuí, dul faoi cibé measúnacht a theastódh le réasún óna f(h)ostóir de réir mar a fhorordófa i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre nó a ghabhann leis an obair atá á déanamh ag an bhfostaí;
- g. ag féachaint dá (h)oiliúint agus do na treoracha a thugann a f(h)ostóir, úsáid cheart a bhaint as aon airteagal nó substaint a sholáthraítear lena úsáid ag an bhfostaí ag an obair nó chun a s(h)ábháilteacht a (sh)láinte a leas san áit oibre a chosaint, lena n-áirítear éadaí nó trealamh cosanta;
- h. tuairisc a thabhairt dá f(h)ostóir nó d'aon duine cuí eile, a luaithe is indéanta:
- i. aon obair atá á déanamh, nó ar dócha go ndéanfar í, ar bhealach a bhféadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas in áit oibre an fhostaí nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile a chur i mbaol;
- j. aon locht ar an áit oibre, ar na córais oibre, ar aon airteagal nó substaint a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas in áit oibre an fhostaí nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile a chur i mbaol; nó
- k. sárú ar bith ar na forálacha reachtúla ábhartha a d'fhéadfadh sábháilteacht sláinte agus leas in áit oibre an fhostaí nó aon duine eile a chur i mbaol, a bhfuil sé nó sí ar an eolas faoi.

(2) Ní dhéanfaidh fostaí agus iad ag dul i mbun conradh fostaíochta, mí-ionadaíocht air nó uirthi féin d'fhostóir maidir le leibhéal oiliúna a d'fhéadfadh a bheith forordaithe faoi *fho-alt (1)(f)*.

Alt 14: Cur isteach, mí-úsáid nó riosca

14. Ní dhéanfaidh duine an méid seo a leanas d'aon ghnó, go meargánta nó gan cúis réasúnach:

- (a) aon ní a fórladh faoi na forálacha reachtúla ábhartha nó ar shlí eile chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine san áit oibre a dheimhniú, cur isteach air nó mí-úsáid a bhaint as, nó damáiste a dhéanamh dó; nó
- (b) sábháilteacht, sláinte nó leas daoine i dtaca le gníomhaíochtaí oibre a chur i mbaol.

Alt 19: Sainithint guaise agus measúnú riosca

(19) 1) Sainithneoidh gach fostóir na guaiseacha san áit oibre atá faoina rialú, déanfaidh sé nó sí measúnú ar na priacail a bhaineann leis na guaiseacha sin agus beidh measúnacht scríofa (ar a dtabharfar agus dá ngairtear “measúnú riosca” san Acht seo) aige nó aici ar na priacail do shábháilteacht, do shláinte agus do leas ag an obair dá c(h)uid fostaithe ag an obair, lena n-áirítear sábháilteacht, sláinte agus leas aon fhostaí aonair nó grúpa nó grúpaí fostaithe a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar aon rioscaí neamhghnácha nó eile faoi na forálacha reachtúla ábhartha.

- (20) D'fhonn dul i mbun measúnú riosca faoi *fo-alt (1)*, féachfaidh an fostóir, agus an obair atá á dhéanamh san áit oibre á chur san áireamh, ar na dualgais a fhorchuirtear leis na forálacha reachtúla ábhartha.
- (21) Déanfaidh an fostóir athbhreithniú ar an measúnú riosca i gcásanna –
- (a) Go ndearnadh athrú suntasach ar ábhair lena mbaineann sé; nó
- (b) Tá cúis eile ann le creidiúint nach bhfuil sé bailí a thuilleadh, agus, tar éis an athbhreithnithe, leasóidh an fostóir an measúnú riosca de réir mar is cuí.
- (22) Maidir leis an measúnú riosca is déanaí a rinne fostóir, déanfaidh sé nó sí bearta chun aon fheabhsúchán a mheastar a bheith riachtanach maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe san áit oibre a chur chun feidhme agus chun a chinntiú go gcuirfead aon fheabhsúchán den sórt sin i bhfeidhm maidir le gach gníomhaíocht agus leibhéal san áit oibre.
- (23) Déanfaidh gach duine a bhfuil feidhm ag *Ailt 12 nó 15* maidir leo measúnú riosca de réir an ailt seo a mhéid agus a d'fhéadfadh feidhm a bheith ag a d(h)ualgais faoi na hailt sin maidir le daoine seachas a f(h)ostaithe.

Alt 20: Ráiteas Sábháilteachta

20. (1) Ullmhóidh gach fostóir, nó iarrfaidh siad go n-ullmhófar, ráiteas scríofa (ar a dtabharfar agus dá ngairtear “ráiteas sábháilteachta” san Acht seo), bunaithe ar aithint na nguaiseacha agus ar an measúnacht riosca a dhéanfar faoi *alt 19*, ina sonrú an modh ar a ndéanfar sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an áit oibre a dheimhniú agus a bhainistiú.

- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, deimhneoidh gach fostóir go sonrú an méid seo a leanas sa ráiteas sábháilteachta:
- na guaiseacha a sainaithníodh agus na rioscaí a ndearnadh measúnú orthu;
 - na bearta cosanta agus coisctheacha a rinneadh, agus na hacmhainní dá bhforáiltear chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chosaint ag an áit oibre lena mbaineann an ráiteas sábháilteachta;
 - na pleananna agus na nósanna imeachta atá le leanúint agus na bearta atá le déanamh i gcás éigeandála nó garchontúirt thromchúiseach, i gcomhréir le *hailt 8 agus 11*;
 - dualgais a c(h)uid fostaithe maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre, lena n-áirítear comhoibriú leis an bhfostóir agus aon duine a bhfuil freagracht orthu faoi na forálacha reachtúla ábhartha i gcúrsaí a bhaineann le sábháilteacht sláinte agus leas san áit oibre;
 - ainmneacha agus, i gcásanna lena mbaineann, teideal poist nó róil gach duine atá freagrach as cúraimí a shanntar dó nó di a dhéanamh de bhun an ráitis sábháilteachta; agus
 - na socruithe a rinneadh maidir le hionadaithe sábháilteachta a cheapadh agus maidir le comhairliúchán le fostaithe agus ionadaithe sábháilteachta agus

maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe agus na n-ionadaithe sábháilteachta, i gcomhréir le *hailt 25 agus 26*, lena n-áirítear ainmneacha an ionadaí sábháilteachta agus chomhaltaí an choiste sábháilteachta, má cheaptar iad.

- (3) Cuirfidh gach fostóir an ráiteas sábháilteachta ar fáil i bhfoirm, ar bhealach, agus de réir mar is cuí, i dteanga ar dócha le réasún a thuigfear, faoi bhráid:
- a. a f(h)ostaithe, uair sa bhliain ar a laghad agus, aon tráth eile, tar éis é a leasú de réir an ailt seo;
 - b. fostaithe nua-earcailte nuair a thosaíonn siad ag obair; agus
 - c. daoine eile san áit oibre a d'fhéadfadh a bheith ar ris d'aon riosca sonracha lena mbaineann an ráiteas sábháilteachta.
- (4) I gcás ina bhfuil cúraimí sonracha á gcomhlíonadh ag an áit oibre a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo don tsábháilteacht, don tsláinte nó don leas, cuirfidh fostóir ar a súile dóibh siúd a n-imríonn an riosca sin tionchar orthu sleachta ábhartha den ráiteas sábháilteachta ina leagtar amach:
- a. an riosca aitheanta;
 - b. an measúnú riosca; agus
 - c. na bearta cosanta agus coiscitheacha arna ndéanamh i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha i ndáil leis an bpriacal sin.
- (5) Déanfaidh gach fostóir, an measúnú riosca a ndearnadh faoi *alt 19* á chur san áireamh, athbhreithniú ar an ráiteas sábháilteachta ina raibh:
- a. athrú suntasach ar na hábhair dá dtagraíonn sé;
 - b. tá cúis ann le creidiúint nach bhfuil an ráiteas sábháilteachta bailí a thuilleadh; nó
 - c. ordaíonn cigire i gcaitheamh fiosrúcháin, iniúchadh, fiosrúcháin, scrúdú faoi *alt 64* nó ar shlí eile go leasófar an ráiteas sábháilteachta laistigh de 30 lá i ndiaidh an t-ordú sin a thabhairt; agus, tar éis an athbhreithnithe, leasóidh an fostóir an ráiteas sábháilteachta de réir mar is cuí chun comhoibriú.
- (6) Ceanglóidh gach fostóir atá ag réachtáil gníomhaíochtaí, de réir mar a fhorordófar i gcomhréir leis an bhfo-alt seo, a dhéanann conradh le fostóir eile don fhóistóir sin chun seirbhísí a sholáthar dó nó di, ar an bhfóistóir sin ráiteas sábháilteachta cothrom le dáta a bheith ina s(h)eilbh sin mar a cheanglaítear faoin acht seo.
- (7) Coinneofar cóip de ráiteas sábháilteachta, nó sliocht iomchuí de, ar fáil lena fiosrú ag gach áit oibre lena mbaineann sé nó in aice leis fad a bheidh obair á déanamh ansin.
- (8) Beidh fostóir a fhostaíonn triúr fostaithe nó níos lú ag comhlíonadh an ailt seo go leordhóthanach má chloíonn sé/sí le téarmaí cóid chleachtais, más ann dóibh, a bhaineann le ráitis sábháilteachta a bhfuil feidhm acu maidir leis an aicme fostaíochta a chlúdaíonn an cineál gníomhaíochta oibre a dhéanann an fostóir.

- (9) Déanfaidh gach duine lena mbaineann *alt 12 nó 15* ráiteas sábháilteachta a ullmhú de réir an ailt seo sa mhéid is gur féidir feidhm a bheith ag a d(h)ualgais faoi na hailt sin maidir le daoine seachas a f(h)ostaithe.

Alt 60: Cód cleachtais

- (60) (1) D'fhonn treoir phraiticiúil a sholáthar d'fhostóirí, d'fhostaithe agus d'aon duine eile a bhfuil feidhm ag an Acht maidir leo i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre, nó na ceanglais nó toirmisc a ghabhann le haon cheann den na forálacha reachtúla ábhartha, déanfaidh an tÚdarás na rudaí seo a leanas:

- (a) is féidir leis agus má iarrann an tAire air é, cód cleachtais a ullmhú agus a fhoilsiú; agus
- (b) cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais arna dhéanamh nó arna fhoilsiú ag aon chomhlacht eile a fhaomhadh.

- (61) Sula bhfoilseofar nó sula gceadófar cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais faoin alt seo, déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:

- (a) gheobhaidh sé toiliú an Aire;

féadfaidh sé dréacht den chód cleachtais nó d'ailt de dhréachtchód cleachtais a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an Údarás agus tabharfaidh sé mí amháin do dhaoine ó dháta foilsithe an dréachtchóid nó na n-alt chun uirill a dhéanamh i scríbhinn laistigh di chuig an Údarás i ndáil leis an dréachtchód nó leis na hailt den dréachtchód, nó cibé tréimhse bhreise, nach faide ná 28 lá, a mheasfaidh an tÚdarás, dá lánrogha féin, is oiriúnach; agus

- (b) tar éis dul i gcomhairle agus, más iomchuí, tar éis breithniú a dhéanamh ar na huirill, más ann dóibh, a rinneadh, cuirfidh sé nó sí an dréachtchód faoi bhráid an Aire lena thoiliú nó lena fhaomhadh faoin alt seo, fara modhnú ann nó gan modhnú.

- (62) I gcás ina bhfoilseoidh nó ina bhfaomhann an tÚdarás cód cleachtais nó ina bhfaomhann sé aon chuid de chód cleachtais, foilseoidh sé fógra faoin bhfoilsiú nó faoin bhfaomhadh sin san *Iris Oifigiúil* agus déanfar an méid seo a leanas san fhógra sin:

- (a) an cód a shainaitheint;
- (b) na nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an áit oibre nó na forálacha reachtúla ábhartha a bhfoilsítear nó a bhfaomhtar an cód ina leith a shonrú; agus
- (c) an dáta a shonrú ar a dtiocfaidh an cód i ngníomh.

- (63) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus tar éis dul i gcomhairle le haon duine nó comhlacht eile is cuí leis an Údarás nó de réir mar a ordóidh an tAire:

- (a) aon chód cleachtais nó cuid d'aon chód cleachtais arna ullmhú agus arna fhoilsiú aige faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm; nó
- (b) a fhaomhadh maidir le haon chód cleachtais nó aon chuid d'aon chód cleachtais a bheidh arna fhaomhadh aige faoin alt seo a tharraingt siar.

- (64) I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás a fhaomhadh maidir le cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais arna fhoilsiú nó arna fhaomhadh faoin alt seo a leasú nó a

chúlghairm nó a tharraingt siar, foilseoidh sé fógra san Iris Oifigiúil faoin leasú, faoin gcúlghairm nó faoin tarraingt siar, de réir mar a bheidh.

- (65) Cuirfidh an tÚdarás an méid seo a leanas ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal gan mhúirear ina phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre:
- (a) cóip de gach cód cleachtais arna fhoilsiú nó arna fhaomhadh aige; agus
 - (b) Sa chás go ndéantar leasú ar chód cleachtais, cóip den Chód arna leasú amhlaidh.
- (66) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, is cód cleachtais fós é cód cleachtais a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt sin de bheith ina chód cleachtais amhail is dá mba faoin alt seo a ullmhaíodh agus a foilsíodh é.

Alt 61: Cóid chleachtais a úsáid in imeachtaí coiriúla

61. (1) Más rud é, in imeachtaí mar gheall ar chion faoin Acht seo a bhaineann le sárú líomhainte ar aon cheanglas nó toirmeasc a fhorchuirtear le foráil reachtúil iomchuí nó fúithi, ar foráil í a ndearna an tÚdarás cód cleachtais a fhoilsiú nó a fhaomha ina leith faoi alt 60 tráth an tsáraithe líomhainte, beidh éifeacht ag *fo-alt (2)* maidir leis an gcód cleachtais sin i ndáil leis na himeachtaí sin.

(2) (a) I gcás gur dealraitheach don chúirt maidir le cód cleachtais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* treoir phraiticiúil a thabhairt maidir le comhlíonadh an cheanglais nó an toirmisc a líomhnaítear a sáraíodh, beidh an cód cleachtais inghlactha mar fhianaise.

(b) I gcás ina gcruthófar gurb é aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid an chosantóra a líomhnaítear gurb é an sárú é:

- (i) mainneachtain cloí le cód cleachtais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*; nó
- (ii) comhlíonadh an chóid chleachtais sin, ansin tá mainneachtain nó comhlíonadh den sórt sin inghlactha mar fhianaise.

(3) Aon doiciméad ar a mbeidh séala an Údaráis agus a airbheartaítear gur cód cleachtais é nó cuid de chód cleachtais arna fhoilsiú nó arna fhaomhadh ag an Údarás faoin alt seo, beidh sé inghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí faoin Acht seo.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005)

SCEIDEAL 3

Alt 8

Prionsabail Ghinearálta um Chosc

1. Rioscaí a sheachaint.
2. Measúnú ar rioscaí dosheachanta.
3. Rioscaí a chomhrac ag an bhfoinse.
4. Oiriúnú na hoibre don duine, go háirithe maidir le dearadh áiteanna oibre, rogha trealaimh oibre agus rogha córais oibre, d'fhonn, go háirithe, obair agus obair mhonatonach a mhaolú ar ráta oibre réamhshocraithe agus chun éifeacht na hoibre

sin ar shláinte a laghdú.

5. An áit oibre a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil.
6. Earraí, substaintí nó córais oibre atá sábháilte nó nach bhfuil chomh contúirteach céanna a chur in ionad earraí, substaintí nó córas oibre contúirteacha.
7. Tosaíocht a thabhairt do bhearta cosanta comhchoiteanna ar bhearta cosanta aonair.
8. Polasaí leordhóthanach coiscthe a fhorbairt maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre, lena gcuirtear san áireamh teicneolaíocht, eagrú na hoibre, dálaí oibre, tosca sóisialta agus tionchar tosca a bhaineann leis an timpeallacht oibre.
9. Oiliúint agus treoracha cuí a thabhairt d'fhostaithe.

Aguisín 3: Roinnt eagraíochtaí agus foilseacháin ábhartha

Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

www.hsa.ie

Treoirínte maidir le Measúnú Riosca agus Ráitis Sábháilteachta

Sábháilteacht san Áit Oibre agus Bainistíocht Sláinte

Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

www.workplacerelations.ie

Nósanna Imeachta chun Aghaidh a thabhairt ar Bhulaíocht san Áit Oibre

Nósanna Imeachta Casaoide agus Araíonaíochta

Réiteach Díospóide Deonach IR 76 de 2004

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHRC)

www.ihrec.ie

Cód Cleachtais maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Áit Oibre

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Bulaíocht san Áit Oibre, Tuairiscí Suirbhé, 2007

(Suíomh idirlíon: <https://enterprise.gov.ie/en/Publications/Bullying-in-the-Workplace-Survey-Reports-2007.html>)